

Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2019



Here to build business.
Strategic Banking
Corporation of Ireland

Maidir le CBSÉ

Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) i mí Meán Fómhair 2014 chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag FBManna in Éirinn ar roghanna maoinithe fadtéarmacha cobhsaí, ar chostas níos ísle. I gcomhpháirt lena gcomhghleacaithe Eorpacha níos seanbhunaithe, agus mar institiúid chur chun cinn faoi úinéireacht an stáit tá CBSÉ anois ina chuid dhílis den chreat airgeadais gnó. Trí thacaíocht agus cabhair a thabhairt chun margadh éifeachtach a fhorbairt le haghaidh airgeadas FBManna, cinnteoidh sé go mbeidh rochtain ag FBManna ar airgeadas i ndálaí dearfacha agus diúltacha margaidh araon.

Soláthraíonn CBSÉ airgeadas mórdhíola agus ráthaíochtaí do FBManna trína chomhpháirtithe iasachtaithe, ag cinntiú go seachadtar an tairbhe a bhaineann lena thacaíocht don iasachtaí FBM deiridh agus ní dá chomhpháirtithe iasachtaithe.

Ár bhFís

Is comhpháirtí maoinithe Stáit solúbtha í CBSÉ a sholáthraíonn tionchar dearfach do FBManna agus a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch in Éirinn.

Ár Misean

Is é misean CBSÉ tacaíochtaí éifeachtacha airgeadais a sholáthar do FBManna a thugann aghaidh ar theipeanna i margadh creidmheasa na hÉireann, agus ag an am céanna iomaíocht agus nuálaíocht á spreagadh, agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní AE atá ar fáil.

Clár Ábhair

1 **Príomh-bhuaicphointí Gnó**

4 **Ráiteas an Chathaoirligh**

6 **Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

8 **Straitéis**

12 **Athbhreithniú Gnó**

12 Foinsí Maoinithe

14 Táirgí CBSÉ

14 Iasachtú

14 Comhroinnt Riosca

17 Margaíocht agus Cur Chun Cinn

17 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Piaráí

18 Forbhreathnú ar an Margadh

19 **Rialachas agus Faisnéis Chorporáideach**

19 Stiúrthóirí

22 Ráiteas um Rialachas agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird

26 Tuarascálacha Coiste

28 Bainistíocht Riosca


30 **Ráitis Airgeadais**

Príomh-bhuaicphointí Gnó

Clúdach Gheografach CBSÉ

Líon na n-iasachtaí: % de réir Réigiúin

Bliain suas go dtí 31 Nollaig 2019



Príomh-bhuaicphointí Gnó

Bliain suas go dtí 31 Nollaig 2019



Iasachtaí ceadaithe

€247m



Meánmhéid iasachta

€86,000




FBManna

2,877

FBM a bhfuil iasachtaí CBSÉ tarraingthe anuas acu in Éirinn

Cad chuige ar úsáid FBManna iasachtaí CBSÉ le linn 2019



29%


a úsáideadh le haghaidh caipitil oibre

71%

a úsáideadh le haghaidh infheistíochta chun an gnó a fhás

Tá raon leathan earnálacha ag baint leasa as maoiniú leachtachta CBSÉ

Bliain suas go dtí 31 Nollaig 2019



Ráiteas an Chathaoirligh

Tá go leor tarlaithe le bliain anuas, ba bhliain rathúil eile í 2019 de réir mar a lean CBSÉ ar aghaidh le méadú a chur ar a chomhpháirtithe iasachtaithe agus ag seachadadh Scéim eile um chomhroinnt riosca de €300m - an Scéim Iasachta um Fhás sa Toghcháin.

Chuir an CBSÉ an Scéim Iasachta um Fhás sa Toghcháin (SIFT) ar an margadh i mí an Mheithimh 2019. Tugann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tacaíocht don Scéim. Le tamall fada anois, bhí a lán FBManna agus feirmeoirí in Éirinn ag éileamh iasachta níos fadtéarmaí ar chostas íseal. Bhí bearna sa mhargadh toisc gur annamh a sholáthraíonn bainc iasachtaí fadtéarmacha do ghnólaigh i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le hairgeadas níos fadtéarmaí.

Le tacaíocht ó na comhlachtaí rialtais, ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ón gCiste Eorpach Infheistíochta (EIF) bhí an CBSÉ in ann páirt a thógáil sa bhearna margaidh seo agus táirge iasachta fadtéarmaí a fhorbairt le haghaidh infheistíochta agus fáis do ghnólaigh na hÉireann. Is é téarma na n-iasachtaí a chuirtear ar fáil idir 8-10 mbliana. Is iad na huasrátaí úis is infheidhme ná 4.5% d'iasachtaí faoi bhun €250,000 agus 3.5% d'iasachtaí os cionn €250,000. Ní cheanglaítear ar FBManna urrús a sholáthar d'iasachtaí faoi bhun €500,000 a d'fhéadfadh a bheith ina mbac go minic ar FBManna rochtain a fháil ar airgeadas. D'éirigh go hiontach leis an SIFT in 2019, le ceithre bhanc ag glacadh páirte sa Scéim. As an gceithre bhanc sin, tá an-áthas orainn fáilte a chur roimh KBC Bank mar chomhpháirtí nua um chomhroinnt riosca le CBSÉ.

In 2019 bhí tréimhse fhada agus éiginnte ann do ghnólachtaí na hÉireann nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe an Eoraip. Scoir an RA de bheith ina ball den Aontas Eorpach ar 23.00 GMT an 31 Eanáir 2020. Níl tús na héiginnteachta ach ag tosú do ghnóthaí na hÉireann de réir mar a leanann idirbheartaíochtaí ar chainteanna trádála agus ar an gcaidreamh a bheidh ag an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa todhchaí. Fanfaidh an caidreamh trádála mar an gcéanna le linn na hidirthréimhse a thiofadh chun críche an 31 Nollaig 2020. Mar sin féin, tá gnóthaí fós neamhchinnte faoin gcuma a bheidh ar mhargadh trádála sa todhchaí, agus tá gnóthaí ag leanúint orthu ag lorg margaí malartacha chun na tionchair a mhaolú.

Tá fáil fós ag CBSÉ ar iasachtaí caipitil oibre do ghnóthaí a bhfuil an Breatimeacht i bhfeidhm orthu tríd an Scéim Iasachta Brexit (SIB). Tá úsáid na n-iasachtaí faoin SIB mall go dtí seo. Tá sé seo mar gheall ar éiginnteacht maidir le tarraingt siar na RA agus éiginnteacht i measc FBManna maidir leis na nithe ar cheart dóibh a bheith ag infheistiú iontu chun na rioscaí a mhaolú. Leathnaíodh an Scéim agus leanfaidh an CBSÉ ag tairiscint iasachtaí SIB do ghnóthaí na hÉireann chun tionchair an Bhreatimeachta a mhaolú in 2020.

Mar thoradh ar theacht Covid-19 in Éirinn tá tionchar diúltach suntasach á chur ar go leor FBManna. Cuireadh an CBSÉ ar bun chun oibriú ar bhealach frith-thimthriallach agus chun tacú le hearnáil na FBManna le linn cuir chun donais eacnamaíochta nó cúlaith eacnamaíochta. D'fhreagair CBSÉ an tionchar seo le forbairt agus cur i bhfeidhm tapa den Scéim Iasachta Caipitil Oibre Covid-19 de chuid CBSÉ, ag cur maoiniú tosaigh de €200m ar fáil i mí an Mhárta 2020. Seachadfaidh an Scéim seo iasachtaí 3 bliana ar chostas íseal (uasráta seasta de 4%) chun cabhrú le FBManna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le Covid-19. Ag CBSÉ, cuirfimid béim ar gach rud is féidir linn a dhéanamh chun tacú le gnóthaí na hÉireann le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

Bhí an-áthas ar CBSÉ dhá chomhpháirtí breise iasachtaithe a fhógairt, Capitalflow agus SME Finance & Leasing arna bhformheas ag Bord CBSÉ le linn 2019 agus a seoladh chuig an margadh go luath in 2020. Tá na comhpháirtithe iasachtaithe nua seo rithabhachtach chun ár bpríomhaidhm a bhaint amach chun iomaíocht a mhéadú agus iasachtóirí breise maoinithe ar chostas níos ísle agus solúbtha a sholáthar don earnáil FBManna in Éirinn.

Ghlac CBSÉ Plean Straitéiseach cúig bliana in 2019. Tá an Plean Straitéiseach 2020-2025 ceadaithe ag an Roinn Airgeadais agus ag Bord CBSÉ. Leanfaidh an CBSÉ ag díriú ar a chroí-shainordú d'fhreastal ar riachtanais earnáil na FBManna agus nuálaíocht a fhorbairt agus a chothú do FBManna. Tá an CBSÉ tiomanta freisin do thacaíocht a thabhairt don Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an rialtais nuair is féidir. Chuir an CBSÉ a Phlean Straitéiseach nua i gcrích i mí na Nollag 2019 agus seolfadh sí é seo nuair a cheadaítear é sin leis na cúinsí. Táimid ag tnúth leis an bPlean a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh i rith 2020 agus ina dhiaidh sin.

Ar leibhéal an Bhoird, athcheapadh Richard Pelly agus Eilish Quinlan ar Bhord CBSÉ le héifeacht ó mhí an Mhárta 2020. Níor lorg Rosheen McGuckian athcheapadh agus tháinig deireadh lena téarma ar an mBord i mí an Mhárta 2020. Ba bhall iontach de Bhord CBSÉ í Rosheen agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as an méid suntasach ar chuir sí leis an mbord le linn a tionachta. Guímid gach rath uirthi sa todhchaí. Tá tús curtha againn le próiseas tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun athsholáthar oiriúnach a fháil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill go léir ar an mBord, le baill an choiste, leis an bhfoireann bhainistíochta agus leis an bhfoireann as a gcuid oibre i rith na bliana agus táim ag tnúth lena dtiomantas leanúnach i rith 2020.

BARBARA COTTER
Cathaoirleach



Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Bhí bliain láidir eile í 2019 do CBSÉ, agus mar thoradh air sin seoladh an Scéim lasachta um Fhás sa Todhchaí agus glacadh go gasta léi. Leis seo, in éineacht le hiasachtóirí nua ar aghaidh, méadaíodh ar chumais na heagraíochta maidir le tacaíocht a thabhairt do na FBManna. Trí na forbairtí seo is féidir le níos mó FBManna leas a bhaint as raon níos leithne de táirgí, agus, níos tábhachtaí ná aon ní eile, rochtain a fháil ar mhaoiniú an-fhadtéarmach den chéad uair i go leor cásanna.

I mí Eanáir 2019, d'eisigh an CBSÉ Glao Oscailte ar Léirithe Spéise chun cuireadh a thabhairt d'idirghabhálaithe airgeadais páirt a ghlacadh i scéim nua um chomhroinnt riosca - an Scéim lasachta um Fhás sa Todhchaí. D'oibrigh foireann CBSÉ le fíorchuspóir agus le diongbháilteacht chun an Scéim a sheachadadh ar an margadh thar ceann ár bpríomhpháirtithe leasmhara sna Ranna Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ag obair leis na Ranna agus le foireann ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun aghaidh a thabhairt ar bhearna lárnach i margadh na hÉireann, bhí an CBSÉ in ann scéim de luach €300m a sheachadadh chun tacú le hiasachtaí fadtéarmacha, ar chostas íseal, do ghnóthaí agus d'fheirmeoirí infheistíocht a dhéanamh agus a ngnóthaí a fhorbairt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sna Ranna as a gceannaireacht, a gcuidiú agus a dtacaíocht leanúnach chun na tacaíochtaí ardtionchair seo a sholáthar do ghnóthaí agus d'fheirmeoirí Éireannacha.

D'oibrigh an CBSÉ le ceithre bhanc, eadhon Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann, Banc KBC agus Banc Uladh chun an Scéim a chur ar an margadh. Tháinig KBC isteach linn chun táirgí um chomhroinnt riosca CBSÉ a chur ar fáil agus tá áthas orainn go bhfuil siad ag obair linn chun ár gcuid táirgí a thairiscint ar an margadh. Seoladh an Scéim ar an margadh i mí an Mheithimh 2019, arb éacht iontach é do na páirtithe uile a raibh baint acu leis an socrú casta dlíthiúil agus oibríochtúil a cuireadh ar bun. Amhail an 31 Nollaig 2019, ceadaíodh 473 iasacht faoin Scéim dar luach €85.5m le meánmhéid iasachta de €180,921.

Le linn 2019, lean an CBSÉ ag tairiscint a Scéime lasachta Brexit (SIB) cé go raibh an t-imscaradh níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis. Amhail an 31 Nollaig 2019, ceadaíodh 223 iasacht faoin Scéim dar luach €46,647,300 le meánmhéid iasachta de €214,000. Tá síneadh na Scéime

daingnithe againn agus leanfaimid orainn ag tairiscint iasachtaí SIB le linn 2020 mar thacaíocht lárnach do ghnóthaí.

I mí an Mhárta 2020, bhí an tír thíos leis an tionchar láithreach a bhfuil ag an víreas Covid-19. Bhí an CBSÉ in ann gníomhú go gasta agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre Covid-19 tosaigh de luach €200m a fhorbairt i mí an Mhárta do ghnóthaí a raibh thíos leis an ngéarchéim. Tá an CBSÉ, mar bhanc náisiúnta chur chun cinn, ríthábhachtach chun tionchar a imirt ar nádúr frith-thimthriallach mhargadh na FBManna agus beidh sí in ann tacaíocht lárnach a thabhairt do ghnóthaí sna hamanna deacra seo. Tá súil againn gurb í Scéim Covid-19 an chéad cheann de roinnt meicníochtaí tacaíochta a thairgeann CBSÉ do ghnóthaí agus leanfaimid orainn ag obair gan stad gan staonadh le linn 2020 chun tacú le gnóthaí Éireannacha.

Le linn 2019, cheadaigh Bord CBSÉ iasachtú do dhá chomhpháirtí iasachtaithe nua - Capitalflow agus SME Finance & Leasing. Is príomhbhéim de chuid Fhoireann CBSÉ comhpháirtithe iasachtaithe nua a mhealladh isteach linn, rud a fheabhsaíonn iomaíocht agus a mhéadaíonn rochtain ar mhaoiniú CBSÉ ar fud an mhargaidh.

Thacaigh CBSÉ le hiasachtú ceadaithe don bhliain, ar fud a línte táirge go léir, €247m le 2,877 iasacht do FBManna agus meánmhéid iasachta de €86,000. Baineadh úsáid as iasachtaí nua ar fud réimse leathan réigiúnach agus bhain 23% d'iasachtaí leis an earnáil Talmhaíochta, 18% leis an earnáil um Sheirbhísí Mórdhíola & Miondíola agus 11% leis an earnáil Tógála. Leanann an CBSÉ uirthi ag obair ar phiblíne d'iasachtóirí ionchasacha ar aghaidh chun airgeadas ar chostas níos ísle a sholáthar don mhargadh.

Taispeánann na torthaí airgeadais do 2019 cailleanas oibriúcháin de €408,000, i gcomparáid le brabús de €38,000 sa bhliain 2018. Tá an laghdú seo mar thoradh ar laghdú ar ioncam úis, go príomha mar gheall ar laghdú ar iasachtaí agus infháltais de bharr aisíocaíochtaí i rith na bliana.

Lean an CBSÉ uirthi ag cur lena fheasacht branda i rith 2019. Bhí gníomhaíocht na meán dírithe níos mó ar Cainéil na Meán Sóisialta de chuid CBSÉ, Twitter, LinkedIn agus YouTube, ag baint úsáide as cás-staidéir FBManna chun a raon táirgí a chur chun cinn. Lean an CBSÉ de bheith ag plé le FBManna ar fud na tíre, ag freastal ar 90 imeacht i rith na bliana.

In 2019, d'fhorbair an CBSÉ Plean Straitéiseach 5 bliana nua. Tá an CBSÉ dírithe ar thrí théama éifeachta: 1) Tús Áite do FBManna, mar thacaíocht d'fhorbairt an mhargaidh creidmheasa FBM níos leithne; 2) Nuálaíocht FBManna, a thacaíonn le hiasachtaí a thabhairt do FBManna a bhfuil riosca níos airde ag baint leo ach atá ag forbairt ar ráta níos tapa; agus 3) Gníomhú ar son na hAeráide, áit a bhforbróidh an CBSÉ réitigh mhaoinithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide do FBManna agus don gheilleagar níos leithne. Ag féachaint chun cinn ar 2020, leanfaimid ar aghaidh ag forbairt scéimeanna comhroinnte riosca mar phríomhthacaíocht do FBManna agus a bheith i dteagmháil lenár bpiblíne de chomhpháirtithe iasachtaithe ionchasacha.

Le linn 2019, chonacthas méadú ar líon na bhfostaithe a thacaíonn leis an líon méadaitheach de scéimeanna agus iasachtóirí ar aghaidh. Faoi láthair tá 23 fostaí ag obair i CBSÉ de réir agus atáimid ag dul i méid agus ag leathnú chun ullmhú do na dúshláin atá romhainn. Murach obair chrua agus taithe na foirne uile ní bheimis in ann ár sainordú a chomhlíonadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo agus le Bord CBSÉ as a dtiomantas agus a bhfuinneamh a thaispeáin siad go leanúnach le linn na bliana seo caite.

NICK ASHMORE

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Straitéis

Tá straitéis CBSÉ fós buaithe ar a misean chun tacaíochtaí éifeachtacha airgeadais a sholáthar do FBManna a thugann aghaidh ar theipeanna i margadh creidmheasa na hÉireann, agus ag an am céanna iomaíocht agus nuálaíocht á spreagadh, agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní AE atá ar fáil.

Ár gCuspóir



Ag tacú le FBManna



Éifeacht a sholáthar do FBManna agus don tSochaí ar bhealach sofheagrúil, cruthaitheach agus solúbtha



Cumas agus neamhspleáchas a fhorbairt



Comhpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara



Foghlaim

Is é straitéis an CBSÉ ná tacú le forbairt agus cothabháil margaidh éifeachtaigh chun creidmheas a sholáthar do FBManna in Éirinn, agus ag an am céanna a chumas freagartha a choimeád maidir le cur isteach mór ar an margadh agus maidir le riachtanais seachadta beartais an rialtais.

Déanann an CBSÉ é seo trí thacaíocht airgeadais a sholáthar i bhfoirm leachtachta ar chostas íseal do sholáthraithe airgeadais, trí riosca a roinnt ar iasachtaí bunaidh agus trí chineálacha nuálacha nua d'ionstraim airgeadais a fhorbairt.

Tá an CBSÉ tar éis í féin a fhorbairt go comhfhiosach mar sholáthraí de réitigh agus de bhearta beartais atá solúbtha, inoiriúnaithe agus nuálach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna i margadh creidmheasa na FBManna. Is gné chriticiúil den eagraíocht é seo i gcónaí agus éilíonn sé ar an CBSÉ forbairt leanúnach a dhéanamh ar a cuid cumas, agus ar réitigh nuálacha, chomh maith, atá ailínithe le timpeallacht na FBManna.

Baineann tacaíochtaí an CBSÉ úsáid as tacaíocht an rialtais agus na hEorpa araon agus tá siad deartha chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna sa mhargadh, chun maoiniú a sholáthar do FBManna, lena n-áirítear feirmeoirí, nuair a bhíonn riachtanas beartais ann agus nuair a thacaíonn sé seo le forbairt eacnamaíoch agus iomaíocht fheabhsaithe. Is í foireann CBSÉ í féin a dhearann agus a sheachadainn na táirgí seo, i gcomhpháirtíocht lena shraith leathan de chaidreamh institiúideach i margadh na hÉireann.

Agus atá CBSÉ ag féachaint chun cinn ar na cúig bliana atá amach romhainn, tá sé i gceist againn cur leis an dul chun cinn suntasach trí raon níos leithne tacaíochtaí a thairiscint don earnáil FBManna agus d'fhorbairt an gheilleagair, agus a inbhuanaitheacht féin a choimeád chomh maith lena cumas freagartha maidir le cur isteach ar an margadh, agus bearta beartais an rialtais a sheachadadh.

Rinne an CBSÉ machnamh ar an dul chun cinn atá bainte amach aici go dtí seo agus ar na hathruithe i dtimpeallacht an mhargaidh chun príomheilimintí a straitéise a nuashonrú, lena n-áirítear a luachanna agus a creidimh agus a cuspóir agus a fíis, chun creat straitéiseach éifeachtach agus straitéis shoiléir a chruthú chun a shainordú a chomhlíonadh. D'fhoilligh sé seo a bhaint amach, tá an CBSÉ dírithe ar thrí théama éifeachta: Tús Áite do FBManna, mar thacaíocht d'fhorbairt an mhargaidh creidmheasa FBM níos leithne; Nuálaíocht FBManna, a thacaíonn le hiasachtaí a thabhairt do FBManna a bhfuil riosca níos airde ag baint leo ach atá ag forbairt ar ráta níos tapa; agus Gníomhú ar son na hAeráide, áit a bhforbróidh an CBSÉ réitigh mhaoinithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide do FBManna agus don gheilleagar níos leithne. Tá na téamaí tionchair seo ailínithe go dlúth le beartas an Rialtais agus tá trí philéar seachadta beartais ag tacú leo: Líonraí agus Caidrimh; Foireann oile le tacaíocht GBCN; agus tacaíocht ón Rialtas agus ón Aontas Eorpach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh forbairtí margaidh gan choinne teacht chun cinn, a éilíonn ar an CBSÉ treo nó tosaíochtaí a athrú.

Creat Straitéiseach



Tús Áite do FBManna

- Comhroinnt riosca ar scála mór le bainc
- Leachtacht neamhbhainc
- Comhroinnt riosca neamhbhainc
- Cainéal dáilte nua ar scála mór



Gníomhú ar son na hAeráide

- Chuir an Banc an Scéim Iarfheistithe Fuinnimh ar fáil d'Fhoirgnimh FBManna, Feirme agus Cónaithe
- Scéim saoráidí saincheaptha FBManna Neamhbhainc



Nuálaíocht FBManna

- Rátháíochtaí Forbraíochta agus den Dara Lian do FBManna
- Ardán Iasachta Nuálaíochta FBManna



Líonraí & Caidrimh

- Cainéal um Iasachtú Ar Aghaidh
- Líonraí Piaráí
- Taighde
- Margaíocht agus Feasacht ar FBManna



Foireann Oilte le tacaíocht ón GBCN

- Cultúr Oiriúnaitheach agus Comhoibritheach
- Cumais Theicniúla agus Struchtúrtha
- Ardán Teicniúil Moil/Seirbhíse do Chustaiméirí
- Bainistíocht Riosca Creidmheasa



Tacaíocht ón Rialtas & ón Aontas Eorpach

- Maoiniú Céadchailiteanais
- Clár Comhardaithe agus Leachtacht
- Tacaíocht Eorpach
- Ag obair le Ranna chun táirgí a Fhorbairt agus a Sheachadadh

Línte Gnú

Tá trí líne ghnó i bhfeidhm ag CBSÉ



Iasachtú

Is é an tsamhail ghnó iasachta de chuid an CBSÉ ná feidhmiú mar institiúid airgeadais mórdhíola chun iasachtú ar aghaidh a sholáthar. Leis an tsamhail seo, soláthraítear airgeadas mórdhíola fadtéarmach ar chostas níos ísle d'iasachtóirí oiriúnacha agus cuirtear an costas úis níos ísle ar aghaidh chuig iasachtaithe FBManna. Tá straitéis an CBSÉ bunaithe ar phíblíne láidir a fhorbairt d'iasachtóirí ionchasacha chun éagsúlacht a bhaint amach sa mhargadh agus iomaíocht a thiomáint agus ag an am céanna a bheith feasach ionas nach ndéantar an margadh a shaobhadh in aon earnáil iasachta.



Comhroinnt Riosca

Is é an tsamhail ghnó um chomhroinnt riosca ráthaíochtaí páirtchreidmheasa a sholáthar do sholáthraithe airgeadais chun an cur ar aghaidh de chreidmheas do FBManna a éascú, lena n-áirítear sa chás go bhfuil rochtain ar chreidmheas srianta ag teipeanna sonracha sa mhargadh timthriallach earnála nó eacnamaíoch. Baineann an CBSÉ leas as agus neartaíonn sí acmhainn riosca ó thacaíochtaí Stáit agus Eorpacha chun ionstraimí airgeadais a dhearadh a bhaineann úsáid éifeachtach as caipiteal agus a fheabhsaíonn rochtain FBManna ar airgeadas. I measc samplaí de tháirgí um chomhroinnt riosca tá Scéim Iasachta Sreabhadh Airgid Talmhaíochta CBSÉ, an Scéim Iasachta Brexit agus an Scéim Iasachta Fáis sa Toghchán.



Soláthar Seirbhíse

I mí Dheireadh Fómhair 2016, cheap an tAire Poist (Gnó anois), Fiontar agus Nuálaíocht an CBSÉ mar oibreoir agus mar bhainisteoir ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (SRC). Bhunaigh sé seo an CBSÉ mar an príomhbhealach do tháirgí um chomhroinnt riosca (ráthaíochtaí creidmheasa) in Éirinn. Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa athbhreithnithe le gnéithe feabhsaithe i mí Iúil 2018 agus tá sí ar an margadh faoi láthair.

Múnla Gnú

Is é samhail ghnó an CBSÉ ná feidhmiú mar institiúid mhórdhíola a sholáthraíonn maoiniú ar chostas níos ísle, chomh maith le comhroinnt riosca d'iasachtóirí ar aghaidh i margadh gnó na hÉireann. Feidhmíonn an CBSÉ faoi shainordú inbhuanaitheachta seachas de réir cur chuige uasmhéadaithe brabúis. Agus í ag tacú le réimsí nua a fhorbairt sa mhargadh, tá sé mar aidhm ag an CBSÉ margadh tráchtála feidhmiúil a fhorbairt seachas margadh a fhaigheann tacaíocht stáit. Tá sé mar aidhm ag an CBSÉ oiriúnú do riachtanais an mhargaidh agus tairiscintí spriocdhírthe táirgí a chruthú a bheidh solúbtha maidir le téarmaí an táirge. Cuireann sé seo ar chumas an CBSÉ freagairt do theipeanna sonracha sa mhargadh trí thairiscintí de tháirgí saincheaptha. De réir mar a fhorbraíonn an CBSÉ, glacfaidh sé cur chuige frith-thimthriallach, ag laghdú an chion den mhargadh a bhfuil sé ag tacú leis de réir mar a neartaíonn agus a mhéadaíonn an margadh i dtimpeallachtaí níos laige.

Tá foireann bheag de ghairmithe ardcháilithe á bhfostú ag CBSÉ d'fhonn an sochar is mó a tharchur chuig FBManna agus ag an am céanna a fheidhm á chomhlíonadh aige maidir le táirgí agus seirbhísí a fhorbairt. Chuige sin, neartaíonn an CBSÉ acmhainní an GBCN. Is fostaithe de chuid an GBCN iad baill foirne CBSÉ agus sanntar iad don CBSÉ agus soláthraíonn an GBCN an chuid is mó de sheirbhísí corparáideacha an CBSÉ. Aisíocann an CBSÉ an GBCN as na seirbhísí seo a sholáthar, lena n-áirítear costais foirne.

Conas a oibríonn an CBSÉ

Tacaíonn an CBSÉ le Fiontair Bheaga & Mheánmhéide



Leis na táirgí seo

Frúiliú Conartha

Frúilcheannach

Iasachtaí Téarma Ráthaithe

Lascaine Sonraisc

Léasú

Caipiteal Oibre

Comhpháirtíocht le

AIB

Banc na hÉireann

Seirbhísí Airgeadais Bibby

Fexco

Finance Ireland

KBC

Banc Uladh

Le maoiniú ó

Banc Forbartha
Chomhairle na hEorpa

An Banc Eorpach
Infheistíochta

An Ciste Eorpach
Infheistíochta

Ciste Infheistíochta
Straitéisí na hÉireann

GBCN

Athbhreithniú Gnó

Le linn 2019 dhírigh an CBSÉ ar a gníomhaíochtaí um chomhroinnt riosca a chur chun cinn agus ar a hoibríochtaí leachtachta comhpháirtíochta neamhbhainc a fhorbairt. Seoladh an Scéim Iasachta Fáis sa Toghchán de €300m i mí an Mheithimh 2019. Lean an CBSÉ ag forbairt a rannpháirtíochta le hiasachtóirí ar aghaidh ionchasacha agus nua, ag baint leasa as €70m breise i leachtacht do chomhpháirtithe neamhbhainc agus ag bunú caidrimh le hiasachtóir bainc nua, KBC. Leanfaidh an CBSÉ ag obair chun comhpháirtíocht a dhéanamh le hiasachtóirí ar aghaidh nua chun éagsúlacht agus infhaighteacht maoinithe do FBManna a mhéadú tuilleadh.

Le linn 2019, chuir an CBSÉ os cionn €247m ar fáil do 2,877 FBM maidir lena shraith táirgí. I ngach táirge de chuid CBSÉ bhí leathadh leathan réigiúnach d'iasachtaí, idir 19% san Iardheisceart go 8% i Lár na Tíre.

Foinsí Maoinithe

Le linn 2019, d'ísligh an CBSÉ a shaoráid de €200m de chuid Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB) go €100m agus ar an gcaoi sin laghdaigh sí a phríomhfhoinsí maoinithe go €965m ó mheascán de cheithre mhaoinitheoir, dhá shaoráid idirnáisiúnta agus dhá chlár náisiúnta. Tá saoráidí creidmheasa ag an CBSÉ : €100m ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB); €400m ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI); €250m i gClár Nótaí Ráthaíochta le GBCN agus €215m ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ).

Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa €100 MILLIÚN



Bunaíodh Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa mar bhanc forbartha iltaobhach i 1956 le sainordú tosaigh de dhídeanaithe a aisdúichiú, tar éis an Dara Cogadh Domhanda, agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna athlonnaithe agus sóisialta a tháinig chun cinn de bharr. Tá an sainordú seo leathnaithe ó shin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna ginearálta sóisialta agus comhshaoil atá ag teacht chun cinn san Eoraip, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide d'fhoth caomhnú post agus cruthú post araon, trí mheicníochtaí maoinithe agus ráthaíochta ar chostas íseal. Tá Éire ina ball den BFCE ó 2004 i leith.

An Banc Eorpach Infheistíochta €400 MILLIÚN



Is é banc an Aontais Eorpaigh an Banc Eorpach Infheistíochta, a thacaíonn le teipeanna margaidh creidmheasa agus cothromais ar fud na hEorpa. Is príomhthosaíocht de shainordú BEI é maoiniú agus rochtain ar mhaoiniú a chur ar fáil do phobal na hEorpa um Fhiontar Beag agus Meánmhéide. Tá soláthar maoinithe do CBSÉ faoin guspóir seo de thacaíocht maoinithe FBM.

An Ciste Eorpach Infheistíochta €1012 MILLIÚN



Tá an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) mar chuid de ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Is é an misean lárnach atá aige ná tacú le micrifhiontair, le gnóthais bheaga agus le gnóthais mheánmhéide na hEorpa trí chabhrú leo rochtain a fháil ar airgeadas. Déanann EIF caipiteal fiontair agus fáis, ráthaíochtaí (COSME agus InnovFin) a dhearadh agus a fhorbairt, chomh maith le hionstraimí micreamhaoiniúcháin a dhíríonn go sonrach ar an deighleog mhargaidh seo. Sa ról seo, cothaíonn CEI cuspóirí an Aontais Eorpaigh chun tacú le nuálaíocht, taighde agus forbairt, fiontraíocht, fás agus fostaíocht ag gníomhú mar bhealach le haghaidh maoinithe agus tionscnaimh Choimisiún an Aontais Eorpaigh.

GBCN €250 MILLIÚN



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Tá an GBCN freagrach as iasachtaí a fháil thar ceann an rialtais agus as an bhFiach Náisiúnta a bhainistiú d'fhoth leachtacht a chinntiú don Státhiste agus chun an t-ualach úis sa mheántearma a íoslaghdú. Tá an tsaoráid GBCN chuig CBSÉ i bhfoirm Cláir Nótaí Ráthaithe ina ndéanfaidh an GBCN infheistíocht i Nótaí Ráthaithe arna n-eisiúint ag an CBSÉ ar théarmaí comhaontaithe le haibíocht de deich mbliana ar a mhéad.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) €215 MILLIÚN



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann
Ireland Strategic Investment Fund

Bunaíodh an CISÉ i mí na Nollag 2014 chun infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach a dearadh chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht in Éirinn. Aistríodh sócmhainní an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), ciste réamhtheachtaithe an CISÉ, chuig an CISÉ. Tá maoiniú curtha ar fáil don CBSÉ de bhun treorach ón Aire Airgeadais chuig Coimisiún an CNP. Is saoráid imrothlach deich mbliana é an maoiniú ó CISÉ a bhfuil an cumas aige tiontú go caipiteal arna iarraidh sin ag an Aire. I mí Feabhra 2017, tar éis iarraitas a fháil ón Aire, athraíodh €25m den tsaoráid imrothlach go caipiteal chun tacú le scéimeanna um chomhroinnt riosca a bhí á seachadadh ar an margadh i rith na bliana.

Táirgí CBSÉ

In 2019, lean an CBSÉ ag cur lena shraith táirgí, ag cur scéim nua um chomhroinnt riosca fadtéarmach, an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí. Tá an scéim seo deartha chun cabhrú le FBManna infheistíochtaí fadtéarmacha a dhéanamh ina gcuid gnó agus chun cabhrú leo forbairt sa todhchaí trí iasachtaí a sholáthar dóibh le téarmaí de 8 go 10 mbliana. Thacaigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta le forbairt na Scéime Iasachta Fáis sa Todhchaí, an tríú táirge comhroinnte riosca de chuid CBSÉ. Baineann an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí tairbhe as ráthaíocht ón Aontas Eorpach faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI) agus leanann sí le ról lárnach an CBSÉ maidir le maoiniú an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn go hiomchuí agus tacaíocht dá bharr do FBManna.

Iasachtú

Le linn 2019, lean an CBSÉ ag forbairt a chaidrimh le hiasachtóirí reatha agus nua agus tháinig banc iasachtóra nua, Banc KBC, isteach sa scéim. Leanann an CBSÉ ag obair chun líon na gcomhpháirtíochtaí um iasachtú ar aghaidh a mhéadú chun éagsúlacht níos mó de roghanna maoinithe iomaíocha a sholáthar do FBManna agus chun feabhas a chur ar éagsúlacht na n-iasachtóirí agus na gcineálacha airgeadais atá ar fáil i margadh na hÉireann.

Leis na hiasachtóirí bainc (AIB, Banc na hÉireann, Banc KBC agus Banc Uladh), dhírigh an CBSÉ ar a phunann comhroinnte riosca a mhéadú tríd an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí de luach €300m a chur leis i mí an Mheithimh 2019.


Trína iasachtóirí neamh-bhainc reatha (Bibby Financial Services, Fexco Asset Finance agus Finance Ireland), soláthraíonn an CBSÉ iasachtaí fruilcheannaigh, iasachtaí fruilithe agus léasaithe atá ar fáil do FBManna incháilithe chun carranna, feithiclí tráchtála agus sócmhainní gléasra agus innealra a mhaoiniú. Ina theannta sin, soláthraíonn an CBSÉ táirgí airgeadais sonraisc do FBManna incháilithe trína iasachtóir, Bibby Financial Services Ireland. Is saoráid chaipitil oibre é airgeadas sonraisc lena scaoiltear airgead tirim atá ceangailte le sonraisc chustaiméirí gan íoc, rud a fheabhsaíonn infhaighteacht sreafa airgid do FBManna. I mí an Mheithimh 2019 leathnaigh Bibby Financial Services a raon táirgí le tacaíocht ó CBSÉ tríd an Táirge Airgeadais Trádála nua a sheoladh, táirge a ligeann do ghnóthaí earraí a cheannach, a fháil agus a dhíol sula gcaithfidh siad íoc astu, tá an táirge seo comhlántach leis an tairiscint lascainithe sonrasc atá ann cheana. I rith 2019, mhéadaigh an CBSÉ an maoiniú mórdhíola a sholáthraíonn sé dá iasachtóirí neamhbhainc trí shaoaráid de €70m breise a cheadú do Fexco Asset Finance.

Leanfaidh an CBSÉ ag iarraidh éagsúlacht a chur leis na táirgí a thacaíonn sé leis sa mhargadh gnó in 2020.

Comhroinnt Riosca

Le linn 2019, d'éirigh leis an CBSÉ a chumas comhroinnte riosca agus a tháirgí a leathnú chun tacú le hiasachtaí breise do FBManna in Éirinn agus chun gníomhú mar bhealach do thionscnaimh mhaoinithe FBManna Eorpacha. Forbraíodh an cumas seo a thuilleadh i rith 2019 nuair a cuireadh an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí agus an Scéim fheabhsaithe um Ráthaíocht Chreidmheasa do FBManna. Le comhroinnt riosca éascaítear riosca creidmheasa a roinnt ar an bpunann iasachta iomlán chun leasa na hinstiúide airgeadais comhpháirtíochta. In ainneoin na leachtachta atá ar fáil faoi láthair i margadh na hÉireann, bhí bearnaí leanúnacha ann i soláthar creidmheasa, go háirithe do thionscadail ní ba chontúirtí, mar a tharla ar fud an Aontais Eorpaigh tar éis na géarchéime. Tacaíonn an CBSÉ le hiasachtaí breise a sholáthar do FBManna trína ról mar oibreoir agus bainisteoir na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa agus lena táirgí iasachta ráthaithe féin, an Scéim Iasachta Brexit agus an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí.

Dul chun cinn a bhí déanta ag CBSÉ ag deireadh na bliana 2019



SITSAT
Scéim lasachta Tacaíochta
Sreabhadh Airgid Talmhaíochta

SRC
Scéim Rátháíochta
Creidmheasa

SIB
Scéim lasachta
Brexit

SIFT
Scéim lasachta Fáis
sa Todhchaí

Scéim Iasachta Brexit (SIB)

Cuirtear an Scéim Iasachta Brexit de luach €300 milliún ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tacaíonn an tSaoráid Ráthaíochta FBManna InnovFin léi, le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach faoi Horizon. Ionstraimí Airgeadais 2020. Tá an SIB deartha chun tacaíocht mhaoinithe a sholáthar chun a chur ar chumas FBManna incháilithe athruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an Breatimeacht. Tá an scéim ar an margadh faoi láthair agus fanfaidh sí ar oscailt go dtí an 28 Márta 2021.

Cé atá in ann iarratas a chur isteach?

D'fhonn a bheith incháilithe, ní mór do ghnó na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- ✓ A bheith ina ghnó inmharthana le suas le 499 fostaí (FBManna agus comhlachtaí a bhfuil luach caipitlithe mealltach acu);
- ✓ A bheith faoi thionchar an Bhreimeachta;
- ✓ Critéir na scéime a chomhlíonadh (critéir a bhaineann leis an Breatimeacht agus critéir InnovFin).

Príomhghnéithe na scéime

- €25,000 go €1.5m in aghaidh an fhiontair incháilithe;
- Uasráta úis 4%;
- Téarma idir 1 bhliain agus 3 bliana;
- Iasachtaí neamhurraithe suas le €500,000;
- Aisíocaíochtaí roghnacha úis amháin arna soláthar ag tús na n-iasachtaí.

Is féidir iasachtaí a úsáid le haghaidh

Ceanglais chaipitil oibre amach anseo chun nuálaíocht, athrú nó oiriúnú an ghnó a mhaoiniú chun tionchar an Bhreimeachta a mhaolú.

Tá faomhadh iasachtaí faoi réir bheartais agus nósanna imeachta creidmheasa na soláthraithe airgeadais féin.

Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí (SIFT)

Cuirtear an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le tacaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach Infheistíochta. Tá an scéim seo ar fáil do FBManna incháilithe agus do na príomhearnálacha talmhaíochta agus bia mara chun tacú le hinfeistíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha (8-10 mbliana)¹.

Cé atá in ann iarratas a chur isteach?

Tá an scéim ar fáil do:

- ✓ FBManna, comhlachtaí a bhfuil luach caipitlithe mealltach acu agus na príomhearnálacha talmhaíochta agus bia mara.

Príomhghnéithe na scéime

- Iasachtaí idir €100,000 agus €3m do FBManna incháilithe;
- Iasachtaí idir €50,000 agus €3m do FBManna incháilithe sa phríomhearnáil talmhaíochta;
- Téarma idir 8 bhliain agus 10 bliana;
- Iasachtaí neamhurraithe suas le €500,000;
- Uasráta úis tosaigh de 4.5% d'iasachtaí suas le €249,999 agus 3.5% d'iasachtaí ag €250,000 nó níos mó*.

Is féidir iasachtaí a úsáid le haghaidh

1. Infheistíocht i sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe chun críche nuálaíochta próisis agus eagrúcháin, nó
2. Infheistíocht i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe ar ghabháltais thalmhaíochta atá nasctha le táirgeadh talmhaíochta príomhúil.

** Tá rátaí úis inathraithe faoi réir athraithe.*

Tá faomhadh iasachtaí faoi réir bheartais agus nósanna imeachta creidmheasa na soláthraithe airgeadais féin.

¹ Go dtí deireadh 2019 bhí éileamh an-láidir ó FBManna agus ó fheirmeoirí ar an maoiniú fadtéarmach seo, ar chostas níos ísle. Mar thoradh ar an éileamh seo glacadh go gasta leis an scéim agus dá bhrí sin níl mórán cumais fágtha. Shroich AIB, Banc na hÉireann agus Banc Uladh a dteorainneacha SIFT, ach tá cumas fós ag KBC. Mar sin féin, tá raon táirgí KBC dírithe ar chustaiméirí gnó FBManna agus ní thairgeann sé maoiniú san earnáil Talmhaíochta.

Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (SRC)

Sheol an Rialtas an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa do FBManna sa bhliain 2018 in ionad na scéime 2012 a bhí ann roimhe sin. Tá sé mar aidhm ag an SRC cuidiú le FBManna inmharthana nach bhfuil faoi ghnáthchritéir iasachta, in ann iasachtaí a fháil óna mbanc. Feidhmíonn an scéim trí ráthaíocht de 80% a sholáthar do sholáthraithe airgeadais rannpháirteacha ar iasachtaí cáilitheacha do FBManna.

Cé atá in ann iarratas a chur isteach?

D'fhonn a bheith incháilithe, ní mór do FBM na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- ✓ Bheith i mbun gníomhaíochta tráchtála;
- ✓ Bheith ina thrádálaí aonair, comhpháirtíocht, saincheadúnas, comharchumann nó cuideachta theoranta;
- ✓ I dtuairim an iasachtóra, togra gnó inmharthana a bheith ag an FBM;
- ✓ In ann an tsaoráid a aisíoc.

Príomhghnéithe na scéime

- Áiseanna idir €10,000 agus €1m;
- Uasphréimh bhliantúil 2% (i dteannta leis an ráta úis/táille a ghearrann an banc);
- Téarma suas le 7 mbliana;
- Iasachtaí Téarma, iasachtaí Éileamh agus Bannaí Feidhmíochta.

Dearadh an scéim chun aghaidh a thabhairt ar thrí bhad ar iasachtú

1. Comhthaobhacht neamhleor.
2. Margadh gnó, earnáil nó teicneolaíocht núíosach a mheasann soláthraithe airgeadais go bhfuil riosca níos airde ag baint leis faoi chleachtais reatha meastóireachta riosca creidmheasa.
3. Gá le hathmhaoiniú de bharr scoir iasachtóra ó mhargadh na hÉireann.

Tá faomhadh iasachtaí faoi réir bheartais agus nósanna imeachta creidmheasa na soláthraithe airgeadais féin.

Margaíocht agus Cur Chun Cinn

Tá an CBSÉ ag leanúint uirthi lena bhranda a thógáil mar thacaíocht iontaofa in ailtireacht airgeadais mhargadh creidmheasa na hÉireann. Is é príomhdhúshlán an CBSÉ sa réimse seo feachtas a mhúscailt faoin ról atá aici i seachadadh a tháirgí do FBManna ar fud na hÉireann trí chomhpháirtithe iasachtóirí ar aghaidh Féachann an CBSÉ lena chinntiú go sroicheann a theachtaireacht raon leathan lucht féachana, idir FBManna aonair agus a gcuid comhairleoirí agus tionscail agus comhlachtaí Stáit.

Dhírigh an obair go dtí seo ar bhranda a chruthú atá furasta a aithint, atá ábhartha do chroí-lucht féachana CBSÉ agus a bhfuil tionchar aige i dtimpeallacht bhranda phlódaithe.

Tá feachtas feasachta poiblí ar bun chun an CBSÉ a mhargú agus cuimsítear feachtas margaíochta agus cur chun cinn, lena n-áirítear freastal ar thaispeántais trádála, comhdhálacha agus imeachtaí gnó agus feachtas sna meáin. San fheachtas a reáchtáladh sna meáin le linn 2019, cuireadh níos mó béime ar fhorbairt na mbealaí meán sóisialta CBSÉ agus ar chur chun cinn a tháirgí trí chás-staidéir FBM agus míniúcháin scéime. Baineann an CBSÉ úsáid as Twitter, LinkedIn agus in 2019 d'oscail sé a chainéal YouTube féin chun an leas is fearr is féidir a bhaint as a fheachtais sna meáin shóisialta. Ina theannta sin, d'fhreastail an CBSÉ ar níos mó ná 90 imeacht ar fud na tíre le linn 2019, ag plé le FBManna agus lena gcomhairleoirí.

Taifeadann Suirbhé Éileamh Creidmheasa na Roinne Airgeadais (Aibreán-Meán Fómhair 2019) feachtas ar an CBSÉ ag 31% i measc FBManna atá rannpháirteach sa suirbhé, méadú de 22% ar fhiigiúr 2018.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Piaráí

Tá rannpháirtíocht geallsealbhóirí tábhachtach chun a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí CBSÉ ag teacht le beartas an rialtais agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais mhaoinithe na FBManna. Déanann an CBSÉ é seo trí rannpháirtíocht agus comhoibriú rialta agus éifeachtach leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear FBManna, comhairleoirí comhlachtaí ionadaíochta do FBManna (m.sh. ISME, SFA, IFA, srl.), ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, iasachtóirí agus maoinitheoirí/ráthóirí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon. Le linn 2019 mhéadaigh an CBSÉ a rannpháirtíocht le FBManna trína phróiseas incháilitheachta díri don Scéim Iasachta Brexit agus don Scéim Iasachta Fáis sa Tódhchaí.

Tá Bainc/Institiúidí Náisiúnta Cur Chun Cinn nó Forbartha (NPB/Is) ann ar fud na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna aitheanta sa mhargadh áitiúil nó réigiúnach. Cé go bhféadfadh a sainorduithe faoi seach a bheith éagsúil, ag brath ar thosaíocht dlínse, tá cuspóir comónta acu, rud a spreag grúpaí líonra láidre nó comhlachais a chruthú, a bhfuil béim shonrach margaidh acu. Tá an CBSÉ ina bhall de NEFI (Líonra Institiúidí Airgeadais Eorpacha do FBManna), ELTIA (Cumann Infheistíoirí Fadtéarmacha na hEorpa) agus AECM (Cumann Eorpach na gCumann Ráthaíochta). I mí Mheán Fómhair 2019, ceapadh POF CBSÉ, Nick Ashmore, mar Leas-Uachtarán ar ELTIA. Soláthraíonn na fóraim seo tacaíocht agus taithí don CBSÉ ó mhargaí eile, eolas atá fíorluachmhar i bhforbairt a ról mar sholáthraí d'idirghabhálacha creidmheasa tábhachtacha i margadh na hÉireann. Soláthraíonn an CBSÉ, mar institiúid náisiúnta cur chun cinn, seoladán áitiúil do mhargadh na hÉireann do thionscnaimh mhaoinithe an AE.

Forbhreathnú ar an Margadh

Bhí dúshlán agus éiginnteacht fós ag FBManna na hÉireann le linn 2019, agus tháinig méadú ar an bhfeasacht ar impleachtaí diúltacha féideartha den Bhreitheacht le béim mhéadaitheach ar shaincheistanna comhshaoil. Mar sin féin, léiríodh roinnt comharthaí dearfacha sa mhargadh agus fianaise ar fhás ann chomh maith.

Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) faoi deara gur tháinig méadú de 5.5% ar Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann 5.5% in 2019, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ar cheann de na geilleagair is mó fáis san Aontas Eorpach. Ina theannta sin, chonacthas an fás nár bhfacthas riamh i bhformhór na n-earnálacha eacnamaíocha in 2019². I sonraí Bhanc Ceannais na hÉireann (CBI), taispeánadh gurb'ionann iomlán na n-oll-iasachtaí nua do FBManna d'earnálacha neamhairgeadais, neamh-eastáit réadaigh i rith na bliana suas go dtí R3 de 2019 agus €3.9 billiún³. Leis an oll-iasachtú nua do FBManna don tréimhse suas go dtí R3 de 2019 laghdú de 3.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tháinig laghdú de 7% ar an éileamh creidmheasa foriomlán i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus ní raibh ach 13% de FBManna na hÉireann ag cur isteach ar bhanc laistigh den sé mhí suas go dtí Meán Fómhair 2019, de réir Shuirbhé an BCE ar Rochtain ar Airgeadas Fiontair (SAFE) Meán Fómhair 2019⁴. Maidir leis na FBManna Éireannacha sin a chuir isteach b'ionann an ráta rathúlachta agus 51% (meán an AE de 72%), agus fuarthas go raibh an ráta diúltaithe ag 10% (meán an AE de 5%). Tugann suirbhé SAFE le fios gurb í custaiméirí a aimsiú fós an phríomhfhadhb (30%) atá roimh FBManna, agus an chéad fhadhb eile a bhí rompu ná an infhaighteacht de shaothair oilte (17%). Mar sin féin, measadh nach raibh rochtain ar airgeadas ina chonstaic thábhachtach le sé mhí anuas - níl ach 8% de FBManna na hÉireann den tuairim gurb í an tsaincheist is tábhachtaí atá acu, cosúil leis an Euro ná FBManna (7%).

Aithníonn CBSÉ feidhmíocht dhearfach FBManna, agus an úsáid leanúnach a bhaineann siad as maoiniú inmheánach. De réir Shuirbhé Infheistíochta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta 2019 (EIBIS), is ionann cistí inmheánacha agus 75% d'infheistíochtaí gnólachtaí Éireannacha, méadú ó 69% an bhliain roimhe sin, agus i gcás micreaghnólachtaí/gnólachtaí níos lú tá 82% ag brath ar airgeadas inmheánach d'infheistíochtaí⁵. Sa suirbhé, tugtar faoi deara gurb iad micreaghnólachtaí/gnólachtaí beaga na hÉireann, ag 36%, atá sásta brath go heisiach ar fhoinsí inmheánacha airgeadais.

Go deimhin, tá comhghaol idir na torthaí seo agus torthaí na sonraí CBI ina léirítear an laghdú de €868 milliún i nglan-iasachtaí do FBManna le linn R3 2019; ba é seo an laghdú ráithiúil is mó ó dheireadh na bliana 2016⁶. Tugann an CBI faoi deara go bhfuil laghdú de níos mó trian amháin tagtha ar leibhéal an fhéich atá dlite ag FBManna laghdaithe le cúig bliana anuas, agus tá FBManna ag baint níos mó úsáide as tuillimh choinnithe chun caiteachas agus infheistíocht a mhaoiniú.

Mar sin féin, mholfadh an CBSÉ go bhféadfadh riosca de bhearna teacht chun cinn maidir le hinfeistíocht ghnó níos fadtéarmaí mar thoradh ar mhaoiniú leanúnach infheistíochtaí ó airgeadas inmheánach nó gearrthéarmach. Cuireadh an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí ar an margadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca seo atá ag teacht chun cinn. Ar an iomlán, thuairiscigh FBManna i ngach tír san Aontas Eoprach méaduithe níos measartha ar infheistíocht sheasta, fardail agus caipiteal oibre agus fostaíocht. Thuairiscigh FBManna in Éirinn an tríú ghlanméadú is airde maidir le hinfeistíocht sheasta.

De réir na tuarascála SAFE, aimsíodh go raibh infhaighteacht agus riachtanais an mhaoinithe sheachtraigh cothromaithe san eagrán suirbhé is déanaí in Éirinn⁷. Lean FBManna orthu ag léiriú feabhsuithe ar infhaighteacht foinsí seachtracha airgeadais. Tháinig méadú beag ar ghlanchéatadán na FBManna a thuairiscigh go raibh feabhas tagtha ar infhaighteacht iasachtaí bainc, suas ó 9% go 10%. Tá torthaí an tsuirbhé comhsheasmhach leis na hionchais a bhain le fás íseal in ainneoin dálaí maoinithe níos dearfaí.

Tá rátaí úis FBManna na hÉireann níos airde ná an meán i limistéar an euro. B'ionann an meánráta úis d'iasachtaí do FBManna faoi bhun €250,000 ag 5.7% i mí Eanáir 2019, agus ba é 2.5% ar an meán an céatadán d'iasachtaí comhchosúla do FBManna i limistéar an euro⁸. Go páirteach, b'fhéidir gur léiriú é seo ar eispéiris chreidmheasa stairiúla; tá an CBSÉ tiomanta, áfach, d'infhaighteacht rátaí úis iomaíocha a chinntiú do FBManna in Éirinn.

Tá Éire sa 24ú háit ar Innéacs "Éasca le Gnó a Dhéanamh" 2020 de chuid an Bhainc Dhomhanda, síos ón 23ú áit in 2019, agus dea-scór bainte amach aici i réimsí na héascaíochta rialála chun gnó a bhunú agus chun scairshealbhoirí mionlaigh a chosaint⁹. I gcomparáid le 2019, áfach, tá níos mó gnólachtaí in Éirinn ag súil go rachaidh an timpeallacht pholaitiúil/rialála agus eacnamaíoch in olcas in 2020¹⁰.

2 CSO (2020), *Cuntais Náisiúnta Ráithiúla agus Cuntais Idirnáisiúnta Ráithe 4 2019 agus Bliain 2019 (Réamhstaidrimh)*

3 Banc Ceannais na hÉireann (2019), *Eisiúint Staidrimh: Treochtaí maidir le Creidmheas agus Taisc i FBManna agus i bhFiontair Mhóra: R3 2019*

4 BCE (2019), *Suirbhé ar Rochtain ar Airgeadas Fiontair (SAFE) i Limistéar an Euro: Aibreán go Meán Fómhair 2019*

5 BEI (2019), *Suirbhé ar Airgeadas Infheistíochta agus Infheistíochta 2019 - Éire*

6 Banc Ceannais na hÉireann (2019), *Eisiúint Staidrimh: Treochtaí maidir le Creidmheas agus Taisc i FBManna agus i bhFiontair Mhóra: R3 2019*

7 BCE (2019), *Suirbhé ar Rochtain ar Airgeadas Fiontair (SAFE) i Limistéar an Euro: Aibreán go Meán Fómhair 2019*

8 Banc Ceannais na hÉireann (2019), *Tuarascáil Mhargaidh FBManna 2019*

9 An Banc Domhanda (2019), *Doing Business 2020 - Economy Profile: Ireland*

10 BEI (2019), *Suirbhé ar Airgeadas Infheistíochta agus Infheistíochta 2019 - Éire*

Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach

Stiúrthóirí



Barbara Cotter
Cathaoirleach

(Athcheaptha 12 Márta 2019 ar feadh téarma cúig bliana)

Bhí Barbara Cotter ina Comhpháirtí ag A&L Goodbody le breis agus 20 bliain. Le linn a tréimhse mar dhlíodóir baincéireachta, thacaigh Barbara le FBManna na hÉireann agus thug sí comhairle d'iasachtóirí agus d'infheisteoirí maidir leis pobal na FBManna. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath í agus tá sí ina ball de Bhinse Araíonachta na nAturnaetha.



Nick Ashmore
Comhalta an Bhoird

(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ball ex officio) Ball den Choiste Creidmheasa

Is é Nick Ashmore Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an CBSÉ. Sular ghlac sé leis an ról seo, bhí sé ina Stiúrthóir Tionscadail le linn chéim bhunaithe an CBSÉ. Thosaigh Nick leis an GBCN in 2006 mar chuid den fhoireann a bhainistigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, áit ar oibrigh sé mar Cheannasaí Cothromais Phríobháidigh agus Bonneagair sular tháinig sé chun bheith ina Leas-Stiúrthóir in 2011. Sula ndeachaigh sé leis an GBCN, bhí Nick ina bhainisteoir infheistíochta le Greenaap Consultants Limited, oifig phríobháideach teaghlaigh. Is céimí de chuid Ollscoil Aberdeen é agus ball d'Institiúid Cuntasóirí Cairte na hAlban.



Eoin Dorgan
Comhalta an Bhoird

(Ceapadh Meán Fómhair 2018 ar feadh téarma cúig bliana)

Is é Eoin Dorgan an Príomhoifigeach sa Rannán Baincéireachta sa Roinn Airgeadais, le freagracht as beartais ar chumhachtaí agus fheidhmeanna an Bhainc Ceannais, straitéisí maoinithe agus infheistíochta arna mbainistiú ag GBCN, agus tacú le feidhmiú an Ghrúpa Cobhsaíochta Airgeadais. Roimhe seo bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Aire Airgeadais agus Preasoifigeach don Aire agus don Roinn Airgeadais. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é.



Tom McAleese
Comhalta an Bhoird

(Athcheaptha 12 Márta 2019 ar feadh téarma cúig bliana) Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

Tá Tom McAleese ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Alvaraz and Marsal, an Ríocht Aontaithe agus ina Cheann ar an gCleachtas um Athstruchtúrú Bainc san Eoraip le breis agus 25 bliain de thaithí aige i seirbhísí airgeadais. Sula ndeachaigh sé le Alvarez agus Marsal, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar feadh cúig bliana ag Barclays Bank Ireland plc. D'oibrigh sé roimhe seo le ABN AMRO Bank áit a raibh roinnt post sinsearach aige agus le GPA Group plc agus KPMG. Tá Tom ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte, ina Chomhalta d'Institiúid na mBancéirí agus ina Bhall d'Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe Mheiriceá. Faoi láthair tá sé ina Uachtarán ar Alumni Gnó na Tríonóide agus ina chathaoirleach iniúchta ar Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath.



Rosheen McGuckian
Comhalta an Bhoird

(Ceaptha 27 Márta 2015 ar feadh téarma cúig bliana d'éirigh sí as oifig an 12 Márta 2020) Ball den Choiste Creidmheasa, Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair

Is í Rosheen McGuckian Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Grúpa NTR plc. Tá taithí fhairsing aici ar fheidhmeannaigh shinsearach san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí in Greenstar, GE Capital agus BSL. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath í agus tá PhD aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



AJ Noonan
Comhalta an Bhoird

(Athcheaptha 12 Márta 2019 ar feadh téarma cúig bliana) Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca, Ball den Choiste Luach Saothair

Tá AJ Noonan ina bhunaitheoir agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Rhonellen Developments. Roimhe seo bhí sé ina bhunaitheoir agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Noonan Recruitment and Professional Placement Group. Bhí AJ ina Chathaoirleach ar Chumann na nGnólachtaí Beaga ó 2013 go 2016 agus tá sé fós ina bhall den Chomhairle Náisiúnta. Is céimí de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath é.



Conor O'Kelly
Comhalta an Bhoird

(Athcheaptha 12 Márta 2019 ar feadh téarma dhá bhliain) Ball den Choiste Luach Saothair

Is é Conor O'Kelly Príomhfheidhmeannach an GBCN. Is iar-Leaschathaoirleach é ar Investec Holdings (Ireland) Ltd. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar NCB Group a fuair Investec plc ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé le NCB mar Cheannasaí Ioncaim Seasta, chaith sé 11 bliana le Barclays Capital, áit a raibh roinnt post bainistíochta sinsearaí aige.



Richard Pelly
Comhalta an Bhoird

(Athcheaptha 12 Márta 2020 ar feadh téarma cúig bliana) Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa

Is iar-Phríomhfheidhmeannach ar Chiste Infheistíochta na hEorpa é Richard Pelly. Roimhe seo bhí sé ina bhall d'fhoireann bhainistíochta GE Capital European agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Lloyds TSB. Is céimí de chuid Ollscoil Durham é agus tá sé ina bhall d'Institiúid na mBancéirí.



Eilis Quinlan
Comhalta an Bhoird

(Athcheaptha 12 Márta 2019 ar feadh téarma cúig bliana) Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca

Is ceann feadhna í Eilis Quinlan i gCuntasóirí Quinlan & Co., ina comhalta den ACCA agus tá sí ina Stiúrthóir Cairte. Faoi láthair feidhmíonn sí mar Stiúrthóir ar Chumann Fiontar Beag agus Meánmhéide na hÉireann agus roimhe sin bhí sí ina Cathaoirleach. Ó 2011 i leith, bhí Eilis mar ionadaí na hÉireann ar Fhóram Domhanda Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte do FBManna. Déanann sí ionadaíocht freisin ar an ACCA ar FEE, Cónaidhm na gCuntasóirí Eorpacha sa Bhruiséil. Is céimí Eilis í de chuid Coláiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath, Comhalta den ACCA.

Ráiteas um Rialachas agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird

Rialachas

Ionchorpraíodh an CBSÉ de bhun an *Achta um Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann 2014* (an 'Acht CBSÉ 2014') i mí Mheán Fómhair 2014, agus i mí Iúil 2016 tiontaíodh í go Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Tá feidhmeanna an CBSÉ leagtha amach in alt 8 den Acht CBSÉ 2014 seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Airgeadais. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta CBSÉ. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bhainistíochta sinsearach an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar cheangal díreach idir an Bord agus bainistíocht CBSÉ.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmeanna an CBSÉ leagtha amach in alt 8 den Acht CBSÉ 2014. Tá sceideal foirmiúil ábhar curtha in áirithe lena chinneadh ag an mBord. Áirítear leis seo:

- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca
- Ráiteas ar Mholadh Riosca
- Plean Straitéiseach
- Buiséad
- Saoráidí maoinithe
- Moltaí Comhroinnte Creidmheasa agus Riosca
- Ceapadh agus téarmaí agus coinníollacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire)
- Beartas luach saothair foriomlán

Ceanglaítear ar CBSÉ leis an Acht CBSÉ 2014, ráitis airgeadais a ullmhú i leith a oibríochtaí do gach bliain airgeadais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe

agus i bPoblacht na hÉireann agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus atá na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar Bhord CBSÉ:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a dhéanamh amhlaidh agus,
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoimeádann CBSÉ taifid chuntasaíochta cuí, nó go mbíonn sí mar chúis leo a choimeád, ina dtugtar míniú agus taifead ceart maidir le hidirbheart na Cuideachta, a chumasú go mbeifear ábalta tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a dhearbhu go réasúnta cruinn, agus a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus go mbeifear ábalta na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá an Bord freagrach as buiséad ioncain agus caiteachais CBSÉ agus straitéis chorporáideach a cheadú. Déanann an Bord athbhreithniú ar réamhaisnéisí i gcoinne buiséid agus spriocanna i rith na bliana agus déantar athbhreithniú ar thorthaí ag deireadh na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais CBSÉ léargas fíor agus ceart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CBSÉ amhail an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Foráiltear i mBunreacht an CBSÉ go mbeidh beirt stiúrthóirí ar a laghad agus naonúr stiúrthóirí ar a mhéad, a bheidh duine acu ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar chomhalta ex-officio den Bhord. Cheap an tAire na chéad stiúrthóirí ar fhoirmiú agus ar chlárú an CBSÉ. Féadfaidh an Bord stiúrthóirí ina dhiaidh sin a cheapadh ar ainmniúchán an Aire agus cuirfidh sé téarmaí ainmniúcháin an Aire i bhfeidhm. Is é an tAire a cheapann an Cathaoirleach. Ní rachaidh téarma oifige stiúrthóra thar chúig bliana. Tá sonraí na stiúrthóirí reatha agus a dtréimhsí ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 19 go 21.

Déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar a Choistí. In 2019, 2017 agus 2016 rinneadh an próiseas meastóireachta feidhmíochta seo ar bhonn inmheánach. In 2018, de réir an cheanglais faoi Fhoráil 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir lena iad a éascú go seachtrach gach trí bliana, rinne Praesta próiseas meastóireachta feidhmíochta an Bhoird ar bhonn seachtrach.

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, gach ceann acu le téarmaí tagartha foirmiúla:

- An Coiste Iniúchta & Riosca
- An Coiste Creidmheasa
- An Coiste Luach Saothair

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar choistí an Bhoird, féach Tuarascálacha na gCoistí ar leathanaigh 26 go 27.

Faigheann an Bord tacaíocht maidir lena fheidhmeanna ó Rúnaí an Bhoird a chomhordaíonn oibríochtaí choistí éagsúla an Bhoird chomh maith.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2019 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na caiteachais a fhaigheann gach ball ina gcáil mar bhall Boird nó Coiste:

	Bord	An Coiste Iniúchta & Riosca	An Coiste Creidmheasa	Coiste Luach Saothair	Táillí 2019 €	Costais 2019 €
Líon na gCruinnithe	8	5	3	3		
Comhaltaí an bhoird						
Nick Ashmore	8		3			
Barbara Cotter	8	1/1(p)			€15,750	-
Eoin Dorgan	8				-	-
Tom McAleese	8	5			€15,750	-
Rosheen McGuckian	7		3	3	€15,750	-
AJ Noonan	8	3/3(p)		3	€15,750	-
Conor O'Kelly	5			3	-	-
Richard Pelly	8		3		€15,750	€833
Eilis Quinlan	8	5			€15,750	-
Baill Foirne						
John Coleman			2/2(p)		-	-
Ray Mangan			3		-	-

((p) tagraíonn sé do líon na gcrúinnithe a raibh sé indéanta freastal orthu i gcoibhneas le dátaí an cheapacháin)

Ní fhaigheann POF Conor O'Kelly GBCN, Nick Ashmore POF CBSÉ ná oifigeach ón Roinn Airgeadais, Eoin Dorgan, aon luach saothair maidir lena mballraíocht ar an mBord. Ní fhaigheann baill foirne aon luach saothair breise maidir le ballraíocht ar choistí.

Rialachas ar lean

Príomh-Athruithe Pearsanra

Athcheapadh Conor O'Kelly, Barbara Cotter, Tom McAleese agus AJ Noonan ar an mBord le héifeacht ón 12 Márta 2019. Ghlac Barbara Cotter ról an Chathaoirligh ó Conor O'Kelly le héifeacht ón 12 Márta 2019. Athcheapadh Richard Pelly agus Eilish Quinlan ar an mBord le héifeacht ón 12 Márta 2020. D'éirigh Rosheen McGuckian as a post mar Stiúrthóir le héifeacht ón 11 Márta 2020 agus tá próiseas ar bun chun iarrthóir oiriúnach eile a lorg faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

D'éirigh Damien Mulholland as a phost mar Rúnaí Cuideachta agus tháinig Macken McNicholas ina áit le héifeacht ón 13 Meán Fómhair 2019.

Luach saothair

Foráiltar le hAcht CBSÉ 2014 go sannfaidh an GBCN an oiread sin dá fhoireann don CBSÉ de réir mar a chinneann an CBSÉ a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Mar sin, tá gach ball foirne CBSÉ fostaithe ag an GBCN.

Tá samhail luach saothair GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta rúnda, a rinneadh a idirbheartú ina n-aonair, le luach saothair iomaíoch, ailínithe leis an margadh. Sa ghnáthphacáiste luach saothair, cuimsítear tuarastal ar bhonn seasta, teidlíocht phinsin agus soláthar do phá lánroghnach a bhaineann le feidhmíocht.

Tá íocaíochtaí lánroghnacha a bhaineann le feidhmíocht ceaptha chun luach saothair a thabhairt do fheidhmíocht eisceachtúil ag féachaint d'fheidhmíocht an fhostaí féin, d'fheidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhoriomlán CBSÉ Déantar íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de réir na bparaiméadar arna gceadú ag an Bord ar mholadh ón gCoiste Luach Saothair. Tá méid foriomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a dhéantar i leith bliana ar bith faoi réir cheadú an Bhoird.

Rinne an CBSÉ íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le seachtar ball foirne in 2020 i leith 2019. B'ionann na híocaíochtaí seo agus €103k san iomlán.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha na fostaithe de bhreis ar €50,000 in 2019 a rangú sna bannaí seo a leanas:

Raon	Líon na bhFostaithe
€50,001 go €75,000	3
€75,001 go €100,000	5
€100,001 go €125,000	1
€125,001 go €150,000	0
€150,001 go €175,000	2
€175,001 go €200,000	2
€200,001 go €225,000	0
€225,001 go €250,000	0
€250,001 go €275,000	0
€275,001 go €300,000	1
Iomlán	14

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear ar shochair gearrthéarmacha fostaithe a tugadh le linn 2019 tuarastal, sochair inchánach eile a íoctar le fostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht), agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann fostaithe, ach gan PRSI an fhostóra a áireamh.

Nochtadh a Éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon CBSÉ le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Leis an gCód, éilítear na nochtadh seo a leanas:

Costais Chomhairliúcháin

Sna costais chomhairliúcháin, áirítear costas comhairle sheachtraigh do bhainistíocht agus níl feidhmeanna "gnó mar is gnách" seachfhoinisithe san áireamh.

	2019 €'000	2018 €'000
Comhairle dlí	309	327
Comhairle airgeadais	298	319
Caidreamh poiblí/margaíocht	107	84
Acmhainní Daonna	16	1
Eile	1	3
Costais chomhairliúcháin iomlána	731	734
Costais chomhairliúcháin caipitlithe	0	0
Costais chomhairliúcháin a ghearrtar ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	731	734
Costais chomhairliúcháin iomlána	731	734

Costais agus Socrú Dlíthiúil

Níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2019 maidir le costais agus socrú dlíthiúil.

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Intíre		
– Bord	0	0
– Fostaithe	18	18
Idirnáisiúnta		
– Bord	1	1
– Fostaithe	15	12
Iomlán	34	31

Caiteachas Fáilteachais

Sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach cuimsítear €4.7k maidir le caiteachas fáilteachais foirne in 2019 (2018: €3.6k).

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Chomhlíon an CBSÉ an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais

Phoiblí agus Athchóirithe le líon teoranta oiriúnuithe/ athruithe a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais mar a achoimrítear thíos:

Cúrsaí atá Forchoimeádta le Cinneadh ag an mBord

Leagtar amach sa Chód sceideal foirmiúil d'ábhair atá forchoimeádta go sonrach le cinneadh ag an mBord. Seachas "leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne" atá na ábhar do Bhord GBCN toisc gur fostaithe de chuid GBCN iad gach ball foirne de chuid CBSÉ agus go bhfuil siad ina mbaill de scéim aoisliúntais an GBCN, áirítear na nithe seo a leanas i Sceideal na nÁbhar Forchoimeádta atá leagtha amach sa Chód. Tá roinnt difríochtaí idir an fhocláocht agus na míreanna ar éadail agus diúscairtshuntasach sócmhainní agus mórinfheistíochtaí agus tionscadail chaipitil chun nádúr ghnó CBSÉ a léiriú (saoráidí maoinithe a fháil agus a dheonú).

Neamhchomhlíonadh Oibleagáidí Reachtúla

I bhfianaise an réimse leathan oibleagáidí reachtúla ábhartha a bhfuil an CBSÉ faoina réir, moltar aghaidh a thabhairt ar an gceanglas go dtabharfaidh an Cathaoirleach teagmhais neamhchomhlíonta le haon oibleagáidí reachtúla chun aird an Aire ar chásanna ábhartha neamhchomhlíonta amháin.

Caidreamh leis an Oireachtas, leis an Aire agus le Rannóg na dTuismitheoirí

Níl feidhm ag na forálacha sin d'Alt 8 den Chód a dhéileálann le éadail nó diúscairt sócmhainní, breithmheas infheistíochta caipitil, bunú nó éadail fochuideachtaí, rannpháirtíocht i gcomhfhiontair agus éadail scaireanna maidir le gníomhaíochtaí gnó an CBSÉ mar atá leagtha amach san Acht CBSÉ 2014 agus Bunreacht an CBSÉ. I mBunreacht CBSÉ leagtar amach gníomhaíochtaí ar leith a bhfuil toiliú aireachta ag teastáil ina leith.

Cód Caiteachais Phoiblí

Is dóigh go mbeidh an Cód Caiteachais Phoiblí teoranta maidir lena chur i bhfeidhm i ndáil le CBSÉ toisc gurb é maoiniú a fhoinsíú a príomhghníomhaíochta, chomh maith le maoiniú fadtéarmach, ar chostas íseal a sholáthar d'institiúidí ar iasacht lena dháileadh trí chreidmheas a sholáthar do lasachtaithe FBManna agus leathnú de shaoráidí um chomhroinnt riosca. Más rud é, agus nuair a bheidh CBSÉ ag gabháil do thionscadail chaipitil nó do chlár nua chaiteachais reatha, comhlíonfaidh sé forálacha ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

Luach Saothair agus Aoisliúntas

Foráiltear le hAcht CBSÉ 2014 go sannfaidh an GBCN an oiread sin dá fhoireann don CBSÉ de réir mar a chinneann an CBSÉ a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a

Rialachas ar lean

chomhlíonadh. Mar sin, tá gach ball foirne CBSÉ fostaithe ag an GBCN.

Formheasann Príomhfheidhmeannach GBCN cúrsaí luach saothair maidir le fostaithe GBCN a shanntar don CBSÉ, a ionadaíonn don GBCN mar fhostóir, de réir critéar agus socrúithe maoirseachta a chomhaontaítear leis an CBSÉ ó am go ham. Maidir leis na critéir seo agus na socrúithe maoirseachta, tá Coiste Luach Saothair bunaithe ag Bord CBSÉ agus tá beartas foirmiúil luach saothair curtha i bhfeidhm aige. Agus forálacha an Chóid maidir le luach saothair á gcomhlíonadh aici, ghlac CBSÉ na forálacha a bhaineann le comhlachtaí Stáit tráchtála, arna n-oiriúnú i bhfianaise a struchtúir rialachais agus tuairiscithe áirithe agus a shamhail luach saothair.

Tuarascálacha Coiste

Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca cuidiú leis an mBord maoirseacht a dhéanamh ar:

- Cáilíocht agus sláine na ráiteas airgeadais; athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh; an próiseas iniúchta inmheánaigh agus an fheidhm chomhlíonta; agus an t-athbhreithniú ar aschuir ón iniúchóir seachtrach, ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG);
- Creat bainistíochta riosca an CBSÉ lena n-áirítear goile riosca a leagan síos; monatóireacht ar chloí le rialachas riosca agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart.

Tá triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste arna gceapadh ag an mBord. Is iad comhaltaí reatha an Choiste:

- Tom McAleese, Cathaoirleach
- Eilis Quinlan
- AJ Noonan

Tháinig an Coiste le chéile 5 huairé i rith 2019.

Tuairisciú Airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréacht-ráitis airgeadais agus mhol sé iad don Bhord. San athbhreithniú leagadh béim ar na modhanna cuntasáíochta, ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar shoiléire agus iomláine na nochtaithe de réir na gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme, agus forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus ráitis ar bhainistíocht riosca lena gcur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil CBSÉ. Mar chuid dá athbhreithniú ar na ráitis airgeadais, bhuail an Coiste le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun a Thuarascáil ar Thorthaí Iniúchta a phlé.

Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach le cur san áireamh i ráitis airgeadais 2019 agus mhol sé don Bhord é. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar thuarascáil ón mbainistíocht maidir leis na dearbhuithe atá sa Ráiteas agus freisin le clár oibre mionsonraithe an Choiste, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach rialta agus tuarascálacha riosca.

Iniúchadh inmheánach

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón iniúchóir inmheánach. Rinne sé athbhreithniú ar na príomhthorthaí ó thoradh athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh aonair a cuireadh i gcrích faoi phlean iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe 2019 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí iniúchta. Cheadaigh sé plean iniúchta inmheánaigh 2020. Cheadaigh sé freisin úsáid Chairt Iniúchta Inmheánaigh GBCN ina cuimsítear tagairt shonrach anois maidir le hiarratas a chur isteach ar CBSÉ. Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht an iniúcháir inmheánaigh. Buaileann an Coiste go príobháideach, uair sa bhliain ar a laghad, le Ceann Iniúchta Inmheánaigh GBCN gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Is é iniúchóir seachtrach CBSÉ an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta seachtrach, na príomhréimsí fócais agus na téarmaí iniúchta rannpháirtíochta. Rinne sé monatóireacht freisin ar fhreagairt na bainistíochta ar thorthaí an iniúcháir sheachtraigh a d'eascair as an iniúchadh ar ráitis airgeadais 2018. Buaileann an Coiste leis an iniúchóir seachtrach, gan an bhainistíocht a bheith i láthair, uair sa bhliain ar a laghad.

Riosca

Rinne an Coiste athbhreithniú agus faomhadh nuashonruithe ar roinnt beartas riosca ar leith, agus mhol sé nuashonruithe don Bhord, mar a fhoráiltear dóibh faoin mBeartas agus faoin gCreat Bainistíochta Riosca. Cheadaigh sé an Plean Bainistíochta Riosca do 2020 freisin agus rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn i gcoinne phlean 2019. Fuair sé tuairiscí rialta ar rioscaí CBSÉ agus na rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú. Buaileann an Coiste go príobháideach, uair sa bhliain ar a laghad, leis an gCeann Riosca, gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

Comhlíonadh agus Nochtadh Cosanta

Rinne an Coiste athbhreithniú agus faomhadh ar nuashonruithe ar an Tuairisciú ar "Mícheart Ábhartha" agus ar an mBeartas um Nochtadh Cosanta. Fuair sé an tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh agus rinne sé athbhreithniú ar na seirbhísí a dhéanann GBCN Comhlíonadh. Buaileann an Coiste go príobháideach, uair sa bhliain ar a laghad, le Ceann Comhlíonta GBCN gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

Athbhreithnithe ar lasachtóirí ar Aghaidh

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón soláthraí seirbhíse seachtrach KPMG maidir le hAthbhreithnithe ar lasachtóirí ar Aghaidh. Cheadaigh sé an Plean Athbhreithnithe ar lasachtóirí ar Aghaidh do 2020. Rinne sé athbhreithniú ar na príomhthorthaí ó thoradh Athbhreithnithe Aonair ar lasachtóirí ar Aghaidh a cuireadh i gcrích faoin bplean agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí KMPG.

Eile

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Bhord. Thug sé faoi athbhreithniú freisin ar a éifeachtúlacht féin agus thuairiscigh sé don Bhord nuair a cuireadh i gcrích an t-athbhreithniú. Faomhadh tosaíochtaí an Choiste i leith 2020 mar chuid dá Chlár Oibre 2020.

Tuarascáil an Choiste Creidmheasa

Is é ról an Choiste Creidmheasa cuidiú leis an mBord athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar chinntí creidmheasa, agus maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa.

Tá beirt bhall neamhfheidhmiúcháin den Bhord ar an gCoiste, agus comhaltaí atá ina mbaili foirne sinsearach den CBSÉ nó den GBCN. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall freisin.

Is iad baili reatha an Choiste:

- Richard Pelly, Cathaoirleach, (ball den Bhord)

- Eoin Dorgan, (ball den Bhord)
- Nick Ashmore (POF agus ball den Bhord)
- Ray Mangan (ball foirne CBSÉ)

Ceapadh Eoin Dorgan mar bhall den Choiste Creidmheasa le héifeacht ón 28 Feabhra 2020 in ionad Rosheen McGuckian a ndeachaigh a téarma ar an gCoiste in éag an 24 Feabhra 2020. D'éirigh John Coleman as an gCoiste le héifeacht ón 8 Deireadh Fómhair 2019 tar éis dó scor de bheith ina bhall foirne den GBCN.

Tháinig an Coiste Creidmheasa le chéile 3 huairé i rith 2019. Ba é a phríomhghníomhaíocht a bhí aige ná athbhreithniú a dhéanamh ar thograí creidmheasa mionsonraithe ón mbainistíocht. Rinne sé athbhreithniú freisin ar na hathbhreithnithe creidmheasa bliantúla ar iasachtóirí arna ndéanamh ag an mbainistíocht.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Bhord.

Tuarascáil an Choiste Luach Saothair

Cuidíonn an Coiste Luach Saothair leis an mBord maidir le cúrsaí luach saothair i leith na bhfostaithe GBCN a shanntar don CBSÉ de réir na gcritéar agus na socruithe maoirseachta a comhaontaíodh leis an GBCN. Tá an Bord freagrach as Beartas Luach Saothair foriomlán an CBSÉ agus tá a chuid freagrachtaí á dtreorú ag comhairle agus moltaí an Choiste Luach Saothair.

Tá beirt comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste arna gceapadh ag an mBord. Is iad a chomhaltaí reatha:

- Conor O'Kelly
- AJ Noonan

Bhí Rosheen McGuckian ina ball agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair go dtí gur éirigh sí as a post mar chomhalta Boird le héifeacht ón 12 Márta 2020. Breithneoidh an Bord ar dhuine oiriúnach chun dul in ionad an Chathaoirligh agus malartach do chruinnithe amach anseo in 2020.

Tháinig an Coiste le chéile 3 huairé i rith 2019. Rinne sé athbhreithniú agus moladh ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht (PRP) a bhí le déanamh i leith 2019.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Bhord.

Rialachas ar lean

Bainistíocht Riosca

Tá sé mar aidhm ag an CBSÉ riosca a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, de réir a Beartas agus a Creat Bainistíochta Riosca agus a Ráiteas ar Mholadh Riosca, sa chaoi go bhfuil leibhéal an riosca a nglactar leis ag teacht lena bhunghníomhaíocht ghnó, agus go dtuigeann agus go bhfuil an CBSÉ in ann tionchar aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhainistiú nó a ionsú. Comhlíonann CBSÉ forálacha bainistíochta riosca an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

In 2019, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Riosca ar bhonn rialta, agus fuair an Bord nuashonruithe rialta maidir le bainistíocht riosca agus rioscaí arda agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Róil agus Freagrachtaí

Bord

Tá an Bord freagrach as an goile riosca a leagan síos agus as bainistíocht agus treoir a thabhairt do ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar fud an CBSÉ. Tá sainordú ag an mBord go ndéanfaí bainistíocht riosca a chomhtháthú agus a leabú in atmaisféar agus i gcultúr an CBSÉ agus glacadh leis seo ar fud an CBSÉ, agus tá gach ball d'fhoireann CBSÉ freagrach as athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gclár riosca agus a dhearbhu ina n-aonair go bhfuil na rialuithe luaite i bhfeidhm.

An Coiste Iniúchta & Riosca

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ agus a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca CBSÉ leibhéal iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord.

Trí Líne Cosanta

An Chéad Líne Cosanta

Tá Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca an CBSÉ bunaithe ar na trí líne de shamhail chosanta. Laistigh den tsamhail seo, is iad foireann CBSÉ agus an bhainistíocht shinsearach (an chéad líne chosanta) a thabhaíonn na rioscaí agus a bhfuil ina n-úinéir dóibh.

An Dara Líne Cosanta

Soláthraíonn feidhm Riosca CBSÉ agus feidhmeanna rialaithe eile (an dara líne cosanta) maoirseacht neamhspleách agus dúshlán oibiachtúil don chéad líne chosanta. Soláthraíonn siad monatóireacht agus tuairisciú riosca freisin.

An Tríú Líne Cosanta

Feidhmíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh mar chuid de thríú líne chosanta trí dhearbhu neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca CBSÉ, a rialachas agus dearadh agus éifeachtúlacht oibríochta na timpeallachta rialaithe inmheánaigh.

Iniúchadh

De réir na gceanglas reachtúil, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an CBSÉ. Is é feidhm Iniúchta Inmheánaigh GBCN a bhainistíonn próiseas iniúchta inmheánaigh an CBSÉ agus tá gnólacht seachtrach ann, KPMG faoi láthair, a ceapadh chun obair iniúchta inmheánaigh a thuairisciú do Cheann Iniúchta Inmheánaigh GBCN.

Príomhrioscaí

Tá an CBSÉ nochta do réimse leathan rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a fheidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil. Leis an mBeartas agus an Creat Bainistíochta Riosca bunaítear na próisis chun riosca a aithint, a mheas, a thuairisciú agus a mhaolú. D'aithin an CBSÉ na príomhrioscaí seo a leanas a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar a chuspóirí a bhaint amach. Ina theannta sin, coimeádann an CBSÉ Clár Riosca cuimsitheach a shainaithníonn na rioscaí go léir atá os comhair an CBSÉ, lena n-áirítear riosca macra-airgeadais, riosca polaitiúil, riosca leachtachta, riosca ráta úis agus riosca clú i measc nithe eile.

Riosca	Cur síos ar an Riosca	Bearta Maolaithe Riosca
Riosca Straitéiseach	Tá an CBSÉ ag brath ar éileamh ó iasachtóirí agus ó ghnóthaí chun a phríomhchuspóir straitéiseach a chomhlíonadh creidmheas a sholáthar d'fhiontair in Éirinn chun dul i ngleic le teipeanna i margadh creidmheasa na hÉireann. Má theipeann air a tháirgí a struchtúrú go cuí agus straitéis seachadta oiriúnach a úsáid, tá an baol ann nach nglacfaidh iasachtóirí páirt mar a bhí beartaithe agus nach mbeidh fonn ar ghnólachtaí an táirge a thairgtear a fháil.	Maolaítear an riosca seo trí rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí geallsealbhoirí, éagsúlacht táirgí CBSÉ lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar riachtanais iasachtóirí agus FBManna, agus feachtais mhargaíochta réamhghníomhacha chun feasacht a mhúscailt faoin CBSÉ agus a tháirgí.
Riosca Creidmheasa	Tá an CBSÉ nochta don riosca go mainneoidh contrapháirtí iasachta a oibleagáidí agus go mainneoidh sé a fhiach a aisíoc go hiomlán, agus caillteanais don CBSÉ dá bharr. Tá an CBSÉ neamhchosanta ar riosca creidmheasa (i) mar gheall ar a iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh agus (ii) maidir lena scéimeanna roinnte riosca, mar gheall ar iasachtaí a tugadh do thairbhíthe deiridh atá ráthaithe ag an CBSÉ.	I measc na mbearta maolaithe atá i bhfeidhm maidir leis an riosca seo tá dícheall cuí críochnúil roimh aon chinntí iasachta, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar shaoráidí ar iasacht, chomh maith le hathbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngnóthas faoi seach. I measc na mbearta eile tá monatóireacht ar na príomhtháscairí riosca atá mionsonraithe sa Ráiteas um Mholadh Riosca agus measúnú ar riosca creidmheasa ag an gCoiste Creidmheasa agus ag an mBord.
Riosca Oibriúcháin	Tá an CBSÉ nochta do raon rioscaí oibríochta a eascraíonn as na daoine, na córais agus na próisis a bhfuil baint acu lena chuspóirí a bhaint amach. I measc na bpríomhrioscaí oibríochta tá teipeanna córais, earráidí próisis, ró-spleáchas ar dhaoine aonair lárnacha, mainneachtain nósanna imeachta a leanúint, earráidí tuairiscithe, srl. a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sa deireadh go dteipfeadh ar an CBSÉ a chuspóirí a bhaint amach agus damáiste suntasach do chlú.	Maolaítear an riosca seo trí thacaíocht oibríochtúil agus seirbhísí a sholáthraíonn an GBCN, dá bhforáiltear faoin Acht CBSÉ, agus trí chloí le beartais agus nósanna imeachta ábhartha. Tá córais agus próisis nua faoi réir athbhreithnithe agus faofa chuimsithigh ag an údarás cuí agus úsáidtear modheolaíocht láidir bainistíochta tionscadail chun tionscadail nua a bhainistiú.
Riosca um Acmhainní a Chur ar Fáil	Is cuideachta bheag í an CBSÉ a bhraitheann ar ghairmithe speisialaithe oilte chun a chuspóirí reachtúla a bhaint amach. Tá an baol ann nach mbeidh go leor acmhainní ag an CBSÉ leis an taithí agus an saineolas cuí, agus mar thoradh air sin go dteipfidh uirthi a cuspóirí a bhaint amach.	I measc na mbearta maolaithe riosca atá i bhfeidhm don riosca seo tá faomhadh plean foirne bliantúil ag Bord CBSÉ, agus sannadh foirne le cáilíochtaí oiriúnacha ón GBCN. Fostaíonn an CBSÉ foireann conartha sealadach, nó soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe, de réir mar is gá. Tá oiliúint agus forbairt foirne ionchorpraithe i gclár bainistíochta feidhmíochta leanúnach CBSÉ.
Riosca Comhlíonta	Tá gníomhaíochtaí an CBSÉ faoi réir Chúnamh Stáit de chuid an Aontais Eorpaigh agus rialacháin eile agus tá an baol ann go dteipfidh ar an CBSÉ na rialacháin sin a chomhlíonadh, agus go mbeidh damáiste do chlú nó airgeadais don CBSÉ dá bharr. Tá an dóchúlacht íseal ann go dtarlódh an riosca seo; áfach, d'fhéadfadh an tionchar a bheith ard dá dtarlódh sé.	Maolaítear an riosca seo trí chomhairle dlí agus comhlíonta inmheánaigh agus seachtraigh a fhostú, dearadh táirgí chun a chinntiú go gcloítear le dlíthe agus rialacháin ábhartha, agus trí chloí le beartais agus nósanna imeachta ábhartha.

Tuarascáil ar um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Is fostaithe de chuid an GBCN iad foireann CBSÉ agus sanntar iad don CBSÉ. Feidhmíonn an CBSÉ as Foirgneamh Duga an Chisteáin, Cé an Bhalla Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.

I dTuarascáil Éifeachtúlachta Fuinnimh an GBCN, sonraítear úsáid fuinnimh ar fud na n-áitreabh seo agus foilsítear í le Tuarascáil Bhliantúil an GBCN.

Ráitis Airgeadais

An Chuideachta agus Faisnéis Eile	31
Tuarascáil na Stiúrthóirí	32
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Stiúrthóra	35
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	36
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	39
Ráiteas Ioncam Cuimsitheach	43
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	44
Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas	45
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	46
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	47

An chuideachta agus faisnéis eile

Stiúrthóirí

Barbara Cotter (*ceaptha mar Chathaoirleach ar 12 Márta 2019*)

Nicholas Ashmore (*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, "POF"*)

Eoin Dorgan

Tom McAleese

Rosheen McGuckian

AJ Noonan

Conor O'Kelly (*d'éirigh as mar Chathaoirleach ar 11 Márta 2019*)

Richard Pelly

Eilis Quinlan

Rúnaí na Cuideachta

Damien Mulholland (*d'éirigh as 13 Meán Fómhair 2019*)

Macken McNicholas (*ceaptha ar 13 Meán Fómhair 2019*)

Oifig Chláraithe

Duga an Stáitchiste

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 A9T8

Baincéirí

Citibank

1 Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 T8Y1

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid Wapping Nua

C'an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 F7X3

Iniúcháir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann Stiúrthóirí Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann ("an Chuideachta" nó "CBSÉ") a dtuarascáil agus ráitis airgeadais iniúchta i láthair maidir leis an mbliain airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ("an bhliain airgeadais").

Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Chuideachta de bhun an Achta um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 ('Acht CBSÉ 2014') agus ionchorprathae faoi Acht na gCuideachta 1963 go 2013 ar an 12 Meán Fómhair 2014 agus ansin rinneadh cuideachta gníomhaíochta ainmnithe di faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 an 28 Iúil 2016. Baineann an Chuideachta leas as foinsí cistithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhaithe le maoiniú ar sholáthar creidmheas do fiontair in Éirinn a thacú. Déantar seo tríd tairgí leachtacht agus comhroinnt riosca a sholáthar d'iasachtóirí ar aghaidh tríú páirtí. Is gá dona hiasachtóirí ar aghaidh seo an ráta tairbhiúil a chur ar aghaidh chuig fiontair Éireannacha.

Bhí príomhghníomhaíochtaí CBSÉ le linn na bliana airgeadais dírithe ar phríomhghnó agus ar tháirgí nua a fhorbairt. Lean CBSÉ ar aghaidh lena phríomhghníomhaíocht – ag cur airgeadas airgeadas ar fáil agus ag bunadh scéimeanna comhroinnte riosca d'institiúidí iasachtaithe ar aghaidh chun creidmheas a sholáthar d'iasachtaithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna") agus iasachtaithe bheaga MidCap¹ in Éirinn. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí a bhain le tairgí nua scéim chomhroinnte riosca a chur ar fáil, an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí ("FGLS") le hiasachtaí infheistíochta costas níos ísle fadtéarmach a sholáthar chun iasachtaithe incháilithe.

Athbhreithniú gnó

Is cuid de Thuarascáil na Stiúrthóirí í Tuarascáil Bhliantúil 2019. Tugtar tuairisc i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht CBSÉ sa bhliain airgeadais agus ar theagmhais mhóra a tharla le déanaí. Tá tuilleadh faisnéise maidir le straitéis agus samhail ghnó CBSÉ leagtha amach sa rannán ar Straitéis den Tuarascáil Bhliantúil agus tá athbhreithniú cuimsitheach ar oibríochtaí CBSÉ leagtha amach sa rannán Athbhreithniú Gnó den Tuarascáil Bhliantúil.

I rith na bliana airgeadais, dhírigh an CBSÉ ar fhorbairt a dhéanamh ar a trí cinn dá línte gnó, iasachtú, comhroinnt riosca agus soláthar seirbhísí. Le linn an bhliain airgeadais lean an CBSÉ ag dul chun cinn tríd airleacán creidmheas breise chuig iasachtóirí ar aghaidh agus forbairt agus imscar tairgí nua comhroinnt riosca. Lean an Chuideachta ag oibriú an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ("CGS") thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Sa bhliain airgeadais, léiríonn siad seo a leanas na príomhthorthaí feidhmíochta:

- €45m de airleacán ón CBSÉ chuig a hiasachtóirí ar aghaidh ar son iasachtaí a thabhairt do gnóthais bheaga agus mheánmhéide;
- €247m de shaoráidí iasachtaithe ar chostas íseal tiomnaithe ag iasachtóirí ar aghaidh chuig gnóthais bheaga agus mheánmhéide;
- Scéim le suas go €300m de iasachtaí curtha ar fáil do GBManna agus MidCapanna beaga faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí;
- Aisíocaíochtaí €117m príomhshuimeanna iasachtaí déanta ag iasachtóirí ar aghaidh CBSÉ.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Tá mionsonraí maidir leis na rioscaí bunairgid agus na neamhchinnteachtaí atá os comhair an CBSÉ mar a leanas:

1 Is fiontar le suas go 499 fostaí agus nach GBM é MidCap beag.

Riosca Straitéiseach

- Bíonn CBSÉ ag brath ar éileamh ó iasachtóirí ar aghaidh agus GBManna d'fhonn a príomhchuspóir straitéiseach a bhaint amach, is é sin creidmheas breise a chur ar fáil do GBManna in Éirinn, agus le dul i ngleic le teipeanna i margadh creidmheas na hÉireann. Má theipeann uirthi a táirgí a struchtúrú go cuí agus straitéis iomchuí a úsáid chun iad sin a sheachadadh, tá an baol ann nach mbeidh iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteach mar a ceapadh dóibh agus ní bhainfidh gnóanna leas as na táirgí tairgthe.

Riosca Creidmheasa

- Tá CBSÉ neamhchosanta ar an riosca go mainneoidh contrapháirtí iasachtaithe ar a oibleagáidí agus go dteipfidh air a fhiachas a aisíoc ina iomláine, rud a chruthóidh caillteanas do CBSÉ. Is mar gheall ar (i) na hiasachtóirí ar aghaidh a dtugann sí iasachtaí dóibh agus (ii) a scéimeanna comhroinnt riosca, mar gheall ar iasachtaí i gcás ráthaíochtaí CBSÉ do na dtairbhíthe deiridh is mó atá príomh-neamhchosaint riosca creidmheasa CBSÉ.

Riosca ó thaobh acmhainní a chur ar fáil

- Is cuideachta bheag í CBSÉ a bhíonn ag brath ar lucht gairme speisialtachta oilte chun a cuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Tá an baol ann nach mbeidh go leor daoine leis an taithí agus an saineolas iomchuí ag CBSÉ, rud a chiallóidh go dteipfeadh uirthi a cuid cuspóirí a bhaint amach.

Riosca maidir le Neamhchomhlíonadh

- Tá gníomhaíochtaí CBSÉ faoi réir chúnamh Stáit an Aontais Eorpaigh agus rialacháin eile agus tá baol ann nach gcomhlíonfaidh CBSÉ na rialacháin sin, rud a fhágfaidh go ndéanfar dochar do CBSÉ ó thaobh cáile nó airgeadais de. Is beag an dóchúlacht go dtarlóidh sé sin, ach d'fhéadfadh tionchar ard a bheith i gceist dá dtarlódh sé.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an chuideachta neamhchosanta ar riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca caipitil agus riosca comhchruinnithe i ngnáthchúrsa a cuid gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir le beartas na Cuideachta agus an chaoi a ndéanann sí bainistiú ar na rioscaí sin leagtha amach i Nóta 14 leis na ráitis airgeadais.

Stiúrthóirí

Is iad ainmneacha a leanas na daoine a bhí mar Stiúrthóirí na cuideachta ag aon tráth i rith na bliana airgeadais:

Barbara Cotter (*ceaptha mar Chathaoirelach ar 12 Márta 2019*)

Nicholas Ashmore

Eoin Dorgan

Tom McAleese

Rosheen McGuckian

AJ Noonan

Conor O'Kelly (*d'éirigh as mar Chathaoirelach ar 11 Márta 2019*)

Richard Pelly

Eilis Quinlan

Leasanna na Stiúrthóirí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí sa Chuideachta i rith na bliana airgeadais ná ag deireadh na bliana airgeadais (Feic Nóta 27). Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe na Cuideachta (Feic Nóta 22).

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar Lean

Taifid chuntasaíochta dhóthanacha

Cinntíonn na Stiúrthóirí go gcomhlíonann an Chuideachta a dualgais maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil mar a éilítear faoi ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, trí úsáid a bhaint as pearsanra cuntasaíochta cáilithe agus córais agus nósanna imeachta cuí, arna leagan amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifig chláraithe na Cuideachta i nDuga an Stáitchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Atha Cliath 1, D01 A9T8.

Torthaí agus díbhinní

Leagtar amach na torthaí don bhliain airgeadais agus staid gnóthaí na Cuideachta sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach agus an Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Níor íoc an Chuideachta aon díbhinní i rith na bliana airgeadais lena scairshealbhóir aonair, an tAire Airgeadais, agus níl sé i gceist aici aon díbhinní a íoc le haghaidh na bliana airgeadais seo.

Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Feic Nóta 28 de na ráiteas airgeadais.

Iniúcháir

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir na Cuideachta de bhua alt 19 d'Acht CBSÉ 2014. De réir mar is eol do ghach duine de na Stiúrthóirí níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar an eolas faoi de réir alt 330(1)(a) de Acht na gCuideachta 2014.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Barbara Cotter

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

15 Aibreán 2020

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Stiúrthóra

Éilítear i ndlí na gcuideachtaí ar Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus Éirinn ("creat tuairiscithe airgeadais iomchuí") agus i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, níor chóir do na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar amharc fíor agus cóir ar sheasamh airgeadais na Cuideachta amhail dáta deiridh na tréimhse airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta don tréimhse airgeadais iontu, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;
- A lua ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhmithe, na caighdeáin sin a aithint, agus éifeacht agus cúiseanna le haon imeacht ó na caighdeáin sin a thabhairt le fios.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta nó go mbíonn sí ina cúis le coinneáil taifid chuntasaíochta chuí ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta na Cuideachta, a chumasaíonn ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh le beachtas réasúnta, cur ar a gcumas a chinntiú go cloíonn na ráitis airgeadais agus tuairisc na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus go gcuireann sé ar a gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais agus eile ar shuíomh gréasáin na cuideachta (www.sbc.gov.ie). Ní hionann an reachtaíocht in Éirinn a bhaineann le hullmhú agus le scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Barbara Cotter

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

15 Aibreán 2020

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann Bord Stiúrthóirí CBSÉ (an "Bord"), aithníonn muid freagracht an Bhoird as cinnte a dhéanamh go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear i gcuntas leis an bhfreagracht sin riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a fhoircheannadh. Mar sin de, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht absalóideach, a thabhairt go gcosnaítear acmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar botúin nó neamhréireachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir eisthe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag CBSÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ("CIR") ag CBSÉ ar a bhfuil comhaltaí neamhfheidhmeannach den Bhord le táithí airgeadais agus iniúchóireachta, agus feidhmíonn duine amháin acu sin mar Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile cúig huaire le linn 2019.

Déanann an CIR maoirseacht ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí CBSÉ, atá bunaithe ar chlár oibre comhaontaithe beartaithe ag feidhm iniúchóireachta inmheánaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN") agus ceadaíthe ag an CIR. Is é feidhm iniúchóireachta inmheánaí GBCN a chomhlíonann gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí an CBSÉ.

Cuireann GBCN airgeadas, acmhainní daonna, agus seirbhísí dlí, iniúchóireachta inmheánaí, riosca, comhlíonta ahus soláthair ar leith ar fáil do CBSÉ, dá bhforáiltear faoi alt 10 d'Acht CBSÉ 2014, agus de réir mar atá comhaontaithe sa Chomhaontú Seirbhíse idir GBCN agus CBSÉ. Mar sin, bíonn CBSÉ ag brath go suntasach ar na rialuithe a fheidhmíonn GBCN. Tá córas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach forbartha ag GBCN agus déantar aon seirbhísí comhroinnte a chuirtear ar fáil do CBSÉ faoin Comhaontú Seirbhíse a chur ar fáil i gcomhthéacs chóras rialaithe inmheánach GBCN. Tá litir deimhnithe faighte ag CBSÉ ó GBCN go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh GBCN i leith sheirbhísí arna gcur ar fáil do CBSÉ ag obair go héifeachtach i dtaca leis an bhliain 31 Nollaig 2019.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag CBSÉ lena n-aithnítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú, agus cuirtear tuairisc ar fáil maidir leis an méid sin.

Tá Clár Rioscaí in áit, a aithníonn príomhrioscaí áirithe don CBSÉ agus aithnítear, meastar agus déantar iad a ghrádú de réir a thábhacht. In áit a aithnítear na rioscaí, cuirtear rialuithe i bhfeidhm lena mbainistiú agus lena maolú. Déanann (i) an CIR athbhreithniú ar an gClár Rioscaí go ráithiúil agus déanann (ii) Bord na Stiúrthóirí é a athbhreithniú uair amháin gach bliain airgeadais ar a laghad. Úsáidtear toradh na measúnachtaí seo chun bainistíocht na rioscanna seo ag léibhéal inghlactha a phleanáil agus acmhainní a leithdháileadh dóibh. Éilítear ar an bhfoireann bainistíochta fianaise a thabhairt ar bhonn ráithiúil go bhfuil na rialuithe atá taifeadta sa Chlár Rioscaí i bhfeidhm agus éifeachtach, chomh fada agus is eol do.

Déanann an Chlár Rioscaí (i) na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil le na rioscaí a mhaolú a shonrú agus (ii) leagan sé freagracht oibríocht rialuithe agus gníomhaíochtaí mar sin le ball forine áirithe. Dearbhaíonn muid go bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid den timpeallacht rialaithe:

- Nósanna imeachta doiciméadaithe le haghaidh próisis thábhachtacha ghnó;
- Córais lena gcinntítear go gcoinnítear na córais faisnéise agus cumarsáide teicneolaíochta slán;
- Athbhreithniú agus measúnú rialta ar shócmhainní airgeadais;
- Córas comhtháite buiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil a ndéanann an Bord a athbhreithniú agus a fhaomhadh;
- Athbhreithniú rialta ar thuascálacha tréimhsiúla airgeadais ina gcuirtear síos go mion ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí;
- Disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal;
- Cloí le Tuairiscíú a dhéanamh ar 'Éagóiritheoireacht' agus le Polasaí na Nochtuithe Cosanta agus an Polasaí Frithchaolaíse.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnacha

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear aon easnaimh in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh ina leith agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, go tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh a leanas ar bun:

- Rinneadh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann a aithint agus cuireadh próisis ar bun chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin agus aon easnaimh arna n-aithint a thuairisciú;
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal ina ndearnadh freagracht as bainistiú airgeadais a shannadh; agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil/bhlíantúil agus soláthraítear tuascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

De bhun shamhail ghnó CBSÉ, tugann GBCN tacaíocht do CBSÉ maidir le cúrsaí soláthair. Cloíonn CBSÉ le Beartas Soláthair GBCN (atá foilsithe ar a láithreán gréasáin) agus lena nósanna imeachta gaolmhara, atá comhsheasmhach leis na treoirlínte reatha ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR).

I gcúinsí áirithe meastar go bhfuil sé iomchuí eisceachtaí atá údairithe go cuí ón mBeartas agus na Nósanna Imeachta a cheadú (i.e. gan próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil) i ndáil le seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha lena mbaineann luach atá faoi bhun thairseacha AE mar shampla, ar chúiseanna rúndachta, coinbhleachtaí leasa, práinne, chun cearta maoine intleachtúla a chosaint, aon fhoinse soláthair, srl. Déanann an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na heisceachtaí sin a fhaomhadh, agus ní hionann iad agus soláthar neamhchomhlíontach.

Le linn na bliana 2018, d'fhaomh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eisceacht dar luach €0.036m (i.e. faoi bhun thairseach AE le haghaidh conarthaí seirbhíse) le cinntiú go rachadh CBSÉ i dteagmháil le hoibritheoir margaidh ceirdiúnach ráta creidmheasa neamhspléach a thabhairt do CBSÉ. Chuaigh CBSÉ i dteagmháil le bróicéir árachais tríd socrú oidhreachta le hárachas slánaíochta riosca ghairmiúil a chosain €0.087m atá riachtánach do oibríocht an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa a fháil, beidh seo a sholáthar tríd an GCBN amacg anseo.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar lean

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaíonn muid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CBSÉ chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Tá faireachán agus athbhreithniú CBSÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair feidhm iniúcháireachta inmheánaí GBCN, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ardbhainistíocht CBSÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Dearbhaíonn muid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha do 2019.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigeachtaí ó thaobh an córas rialú inmheánach sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 de ar gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Barbara Cotter

An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Tom McAleese

An Cathaoirleach, An Coiste Iniúchta agus Riosca
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

15 Aibreán 2020

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (an chomhlacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar sreafaí airgeadais agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go bhfuil na nithe seo fíor faoi na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2019;
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (INTOSAI). Tá mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gcomhlacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Conclúid a bhaineann le gnóthas leantach

Mar atá tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugaim tátail maidir leis an méid seo a leanas

- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantach; agus
- cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Ábhair ar a gcaithim tuairisciú faoi Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúcháireachta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscím go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh, i mo thuairim

- tá an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- tá tuarascáil na stiúrthóirí ullmhaithe i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tá an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam a mheasaim is gá chun críocha na hiniúcháireachta.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasáíochta an chomhlachta le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasáíochta.

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orm freisin tuairisc a chur ar fáil más rud é, i mo thuairim, nach bhfuil luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta a éilítear le halt 305 go halt 312 den Acht nochta. Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar lean

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Aibreán 2020

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Leagann an ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil na stiúrthóirí amach freagrachtaí na stiúrthóirí as an méid seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfadh ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 19 den Acht um Chorporáid Baincáireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chomhlachta agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó aird ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochta gaolmhar.
- Tagaim ar tháil maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtheadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtheadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo tháil bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an gcomhlacht scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtheadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ar lean

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Ioncam úis	5	5,273	5,793
Speansas úis	6	(298)	(456)
Glanioncam úis		4,975	5,337
Ioncam eile	7	4,020	4,603
Speansais oibriúcháin	8	(9,403)	(9,902)
(Caillteanas)/brabús oibriúcháin		(408)	38
(Caillteanas)/brabús don bhliain airgeadais		(408)	38
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
Iomlán an ioncam cuimsithigh don bhliain airgeadais		(408)	38

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

15 Aibreán 2020



Barbara Cotter

An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollag 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Sócmhainní neamhreatha			
Sócmhainní doláimhsithe	11	550	894
Sócmhainní Airgeadais – lasachtaí agus infháltais	12	406,450	509,350
		407,000	510,244
Sócmhainní reatha			
Sócmhainní Airgeadais – lasachtaí agus infháltais	12	148,977	117,904
Infháltais eile	16	1,023	217
Airgead agus coibhéisí airgid	13	31,902	39,678
		181,902	157,799
Creidiúnaithe; suimeanna atá dlite de 1 bhliain			
Maoiniú agus iasachtaí	17	54,167	76,667
Dlíteanais eile	18	50,820	52,854
		104,987	129,521
Glan-sócmhainní reatha		76,915	28,278
Iomlán na Sócmhainní lúide dlíteanais reatha		483,915	538,522
Creidiúnaithe; suimeanna atá dlite de 1 bhliain			
Maoiniú agus iasachtaí	17	454,167	508,333
Soláthar do dhlíteanais	19	-	33
Glan-sócmhainní		29,748	30,156
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite léirithe mar chothromais	22	35,000	35,000
Cailíteanais choinnithe		(5,252)	(4,844)
Iomlán an chothromais		29,748	30,156

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Barbara Cotter

An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

15 Aibreán 2020

Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas

Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Scair- chaipiteal €000	Cailteanais choinnithe €000	Iomlán cothromas €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018	35,000	(4,882)	30,118
Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse	-	38	38
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018	35,000	(4,844)	30,156
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(408)	(408)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	35,000	(5,252)	29,748

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Barbara Cotter

An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

15 Aibreán 2020

Ráiteas ar Sreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Íasachtaí ar aghaidh a eisíodh		(45,000)	(56,000)
Aisíocaíochtaí príomhshuim íasachtaí ar aghaidh faighte		116,650	115,000
Fáltais úis		5,082	5,581
Íocaíochtaí úis		(246)	(532)
Costais riaracháin aisghabhtha		341	397
Ioncaim eile faighte		252	438
Íocaíochtaí ráthaithe an Scéime Íasachta Brexit		(245)	-
Íocaíochtaí ráthaithe an Scéime Talmhaíochta		(366)	-
Díolaíochtaí fóirdheontas an Scéime Talmhaíochta		(1,192)	(2,262)
Speansais oibriúcháin íochta		(7,875)	(6,129)
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí feidhmithe		67,401	56,493
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannachán sócmhainní doláimhsithe	11, 25.2	(132)	(551)
Glanairgead úsáidthe i ghníomhaíochtaí infheistíochta		(132)	(551)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Íasachtaí maoinithe a fuarthas		-	50,000
Íasachtaí maoinithe aisíochta		(76,515)	(150,000)
Íasachtaí maoinithe a fuarthas ón Aire Gnó, Fiontar agus Nualaíocht		1,470	9,000
Maoiniú ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara		-	-
Glanairgead úsáidthe i ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		(75,045)	(91,000)
Glanlaghdú in airgead agus coibhéisí airgid		(7,776)	(35,058)
Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir		39,678	74,736
Airgead agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig	13	31,902	39,678

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Aonán tuairiscithe

Cuideachta is ea CBSÉ atá cónaitheach in Éirinn. Bunaíodh an Chuideachta de bhun Acht um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014 agus ionchorpaithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963 go 2013 leis an uimhir cláraithe 549539 ar 12 Meán Fómhair 2014. Baineann an Chuideachta leas as foinsí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le tacú le soláthar creidmheasa chuig fiontair in Éirinn tríd a iasachtóirí ar aghaidh.

Athraíodh go cuideachta gníomhaíochta ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 ar 28 Iúil 2016. Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe CBSÉ. Tá oifig chláráithe na Cuideachta i nDuga an Státhiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Atha Cliath 1, D01 A9T8.

2. Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102 an *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn* eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA le húsáid in Éirinn, tar éis cinne a dhéanamh rialacha aitheantas agus tomhas CIC 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas. Measúnaítear meastacháin agus breithiúnais go leanúnach agus tá siad bunaithe ar roinnt tosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na toimhdí bunúsacha a úsáidtear cuí agus go léirítear go cothrom an staid airgeadais agus na torthaí airgeadais i ráitis airgeadais na Cuideachta. Cuirtear síos ar réimsí lena mbaineann (i) leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, agus (ii) ar réimsí ina bhfuil toimhdí agus meastacháin tábhachtach do na ráitis airgeadais thíos:

3.1. Príomhfhoinsí meastacháin agus breithiúnais

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí a bhaineann le himeachtaí sa todhchaí, agus príomhfhoinsí éiginnteachta eile sna meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh baol mór a bheith ag baint leo ó thaobh suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas sa chéad bhliain airgeadais eile a choigeartú go hábhartha.

3.1.1. Measúnú ar bhearnú iasachta

I gcomhréir le ceanglais CIC 39 mar a cheadaíonn FRS 102, déanann an Comhlacht athbhreithniú ar a phunann iasachtaí le tasc ar lagú a aimsiú ag dáta an ráitis ar an stádas airgeadais. Agus cinneadh á dhéanamh ag CBSÉ ar cheart caillteanas lagaithe a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar an dáta tuairiscithe, úsáideann sé foinsí inmheánacha agus seachtracha eolais lena mheas cibé acu an bhfuil aon tasc ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe (i gcomhréir le CIC 39.59). D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na tásca:

- Deacrachtaí suntasacha airgeadais an iasachtaí;
- Sárú conartha, ar nós mainneachtain in íocaíochtaí úis nó in íocaíochtaí bunairgid;
- Bronnadh lamháltais ar an iasachtaí ar chúiseanna eacnamaíocha nó dlí a bhaineann le deacrachtaí airgeadais an iasachtaí nach mbreithneofaí seachas sin;
- I gcás inar dócha go dtitfidh an t-iasachtaí i bhféinmheacht nó go dtabharfaidh sé faoi atheagrú airgeadais eile.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla (ar lean)

Má tá aon fhianaise oibiachtúil ar lagú ann déanann CBSÉ ríomh mionsonraithe lagaithe ar gach iasacht go haonair chun cinneadh a dhéanamh ar cheart caillteanas lagaithe a aithint. Déantar méid an chaillteanas lagaithe a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na hiasachta agus luach reatha na sreafaí airgid measta lascainithe ag bunráta éifeachtach úis na hiasachta i gcomhréir le CIC 39. Déanann lucht bainistíochta CBSÉ, lena n-áirítear an Ceann Riosca, Airgeadais agus Oibríochtaí, agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ("POF"), athbhreithniú agus faomhadh ar an measúnú. Féach Nóta 12 le haghaidh suim ghlanluacha na hiasachtaí.

3.1.2. Measúnú ar ráthaíocht airgeadais

Breithníonn CBSÉ gach dáta tuairiscithe, i leith na ráthaíochtaí airgeadais atá eisithe aige, an dócha go ndéanfar íocaíochtaí faoi gach ráthaíocht le go n-aithneofar dlíteanas airgeadais i gcomhréir le FRS 102.21. Chun dóchúlacht íocaíochta faoi chonradh ráthaíochta a mheas, déanann an comhlacht athbhreithniú ar aon sonraí ábhartha chun méid na n-iasachtaí atá i mbaol mainneachtana agus i mbaol bheith faoi réir éilimh ó iasachtóir ar aghaidh a mheas. Aithnítear dlíteanas airgeadais d'aon éilimh dhóchúla, is féidir a thomhas go hiontaofa, i dtaifid chuntasaíochta CBSÉ. Má aithnítear dlíteanas airgeadais, agus má tá méid an dlíteanas airgeadais níos mó ná an tsuim ghlanluacha, is gá coigeartú a dhéanamh leis an dlíteanas airgeadais a léiriú agus an difríocht a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

I gcás nach bhfuil gá le dlíteanas airgeadais, nochtar dlíteanas teagmhasach sa ráiteas airgeadais don méid iomlán atá iníoctha faoi chonarthaí ráthaíochta airgeadais CBSÉ. Féach Nótaí 23 agus 24 freisin.

3.1.3. Saolré úsáideach acmhainn dholáimhsithe

Déantar an muirear i leith amúchadh tréimhsiúil a dhíorthú tar éis luacháil a chinneadh ar shaolré ionchais sócmhainne agus an luach iarmharach measta ag deireadh a shaoil. Dá ndéanfaí saolré ionchais sócmhainne nó a luach iarmharach a athrú, thiofadh athrú ar an muirear amuchta.

Cinneann an lucht bainistíochta saolré ionchais sócmhainní an Chomhlachta agus déanann siad iad a athbhreithniú ar a laghad uair sa bhliain maidir le hoiriúnacht. Tá na saoil bunaithe ar thaithí stairiúil ar shócmhainní cosúla chomh maith le hionchasú imeachtaí sa todhchaí, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a saol. Féach Nóta 11 do shuim ghlanluacha an sócmhainní dóláimhsithe.

3.2. Breithiúnais chuntasaíochta shuntasacha nuair atá beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm

Ós rud é go mbaineann breithiúnas an lucht bainistíochta le meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht na dteagmhas amach anseo, d'fhéadfadh torthaí iarbhir bheith difriúil ó na meastacháin sin, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas amach anseo. Seachas na meastacháin (feic Nóta 3.1 thuas), níor iarradh ar an gCuideachta aon bhreithiúnais shuntasacha bhreise a dhéanamh nuair a bhí a cuid beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm aici.

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

4.1. Bonn ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus an Bord sásta go leanfaidh an Chuideachta mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Ina thuairim ar cé acu an bhfuil cuntasaiocht ar bhonn an ghnóthais leantaigh cuí nó nach bhfuil, thug an Bord aird ar fheidhmeanna CBSÉ mar a leagtar amach in Acht CBSÉ 2014 agus i mBunreacht CBSÉ, agus creideann sé go bhfuil sé réasúnta a cheapadh, mar gheall ar chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát bearta cuí chun a chinntiú go mbeidh an Chuideachta in ann a sainordú a chomhlíonadh.

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

4.1. Bonn ullmhúcháin (ar lean)

Is iad feidhmeanna na Cuideachta, i measc nithe eile, creidmheas breise a chur ar fáil agus soláthar creidmheasa bhreise a chur chun cinn ar bhealach stuama chuig fiontair nó daoine eile sa Stát, GBManna go háirithe, agus chun airgeadas a chur ar fáil do thionscadail a chuireann forbairt gheilleagrach an Stáit chun cinn. Tá gníomhaíochtaí na Cuideachta faoi réir tosca riosca, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca comhchruinnithe agus riosca caipitil. Rinne an Bord athbhreithniú ar na tosca riosca seo agus ar gach eolas ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca araon athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach agus déanann siad athbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla a mbuntacaíonn lena straitéisí fadtéarmacha.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil agus cuir i láthair na Cuideachta. Luaitear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais ina mílte €, mura sonraítear a mhalairt. Seasann '000' do mhílte agus seasann 'm' do mhiliúin áit a úsáidtear iad. Mar a cheadaítear le mír 4 i Sceideal 3 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, chuir na Stiúrthóirí na socrúithe agus na ceannteidil agus na fo-cheannteidil a éilítear ar shlí eile le Formáid 1 Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Formáid 1 Ráiteas an Clár Comhardaithe in oiriúint toisc go n-éilíonn gnó speisialta na Cuideachta go ndéanfaí a leithéid d'oiriúnú.

4.2. Bonn tomhais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

4.3. Ioncam agus speansais úis

Aithnítear ioncam agus speansais úis maidir leis na hionstraimí airgeadais go léir sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ag baint úsáide as an modh Ráta Éifeachtach Uis ("RÉÚ").

Is ionann modh RÉÚ agus modh le costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus an t-ioncam úis nó an speansas úis a dháileadh thar na tréimhse ábhartha airgeadais. Is ionann RÉÚ agus an ráta lena ndéantar íocaíochtaí nó fáiltais airgid thirim a lascainíú go beacht thar shaolré ionchais na hionstraime airgeadais go suim ghlanluacha ghlan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais. Agus an RÉÚ á ríomh ag an gComhlacht, déanann sé sreafaí airgid a réamh-mheas, ag cur téarmaí conarthacha uile na hionstraime airgeadais san áireamh.

Uair amháin atá sócmhainn airgeadais scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas lagaithe, aithnítear ioncam úis ag baint úsáide as an bunráta úis a úsáideadh le sreafaí airgid na todhchaí a lascainíú chun an caillteanas lagaithe a thomhas.

Déantar ioncam úis a fhaightear ó iasachtaí tugtha d'iasachtóirí ar aghaidh a chur i gcuntas mar chuid de ghníomhaíochtaí oibríochtúla sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid mar gur croí-fheidhm de chuid an Chomhlachta é iasachtú ar aghaidh.

Déantar tuairisc ar ioncam úis a fhaightear ó iasachtaí eisithe ag an Comhlacht laistigh de na gníomhaíochtaí oibríochtúla sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus rangáitear mar úis ioncaim eile é i Nóta 5.

Cuirtear speansais úis a íoctar ar iasachtaí ó chisteoirí i láthair mar chuid de na gníomhaíochtaí oibríochtúla sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid. Déantar speansais úis a íoctar ar éarlais airgid thirim agus táirgí bainistithe airgid a chur i láthair mar chuid de na gníomhaíochtaí oibríochtúla agus rangáitear iad mar speansais eile úis i Nóta 6.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

4.4. Ioncam eile

Déanann CBSÉ costais a aisghabháil ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus/nó ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, mar (i) oibreoir CGS (Nóta 14.7), (ii) de bhun na Scéime Iasachta Brexit (Nóta 14.6) agus (iii) de bhun na Scéime Talmhaíochta (Nóta 14.5) agus (iv) de bhun na Scéime Iasachta Fás Todhchaí (Nóta 14.8) bunaithe ar aisiocaíocht na gcostas a thabhaíonn CBSÉ.

Déantar cistiúchán a sholáthraíonn an tAire Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus/nó an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta roimh ré do CBSÉ i gcomhar leis na scéimeanna a scaoileadh don Ráiteas ar Ioncam Cumsitheach de réir mar a thabhaítear costais a bhaineann le na scéimeanna. Aithnítear an méid i gcomhréir le FRS 102 Alt 24 Deontais ón Rialtas.

4.5. Costais inaisíochta le GBCN

De réir alt 10 d'Acht CBSÉ 2014, soláthraíonn GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do CBSÉ mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna CBSÉ. Aithnítear costais inaisíochta le GBCN ar bhonn fabhráithe. Aisghabhann GBCN na speansais seo ó CBSÉ de réir costais. Tá tuilleadh eolais ar chostais inaisíochta le GBCN san áireamh i Nóta 8.2.

4.6. Ionstraimí airgeadais

Aithníonn agus tomhaiseann an Chuideachta a sócmhainní airgeadais agus a dliteanais airgeadais de réir IAS 39 arna cheadú ag FRS 102. Cinneann an Chuideachta aicmiú a cuid ionstraimí airgeadais ag aithint tosaigh.

4.7. Sócmhainní Airgeadais

Iasachtaí agus infháltais

Is ionann iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó athraithe nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Tráth an aitheantais tosaigh, tomhaistear na hiasachtaí ag luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhíreach atá inchurtha go díreach le heisiúint na hiasachta. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh an Ghlanráta Úis arna leagan amach i Nóta 4.3.

4.8. Dliteanais airgeadais

Maoiniú agus iasachtaíochtaí

Is ionann maoiniú agus iasachtaíochtaí agus na hiasachtaí sin arna dtarraingt anuas ag an gCuideachta óna maoinithe d'fhonn tacú lena gníomhaíochtaí iasachtaíthe ar aghaidh. Aithníonn an Chuideachta na hiasachtaí seo ina Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ar an dáta ar tarraingíodh anuas an iasacht. Tomhaistear na hiasachtaí seo i dtosach de réir luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhíreach atá inchurtha go díreach le heisiúint an dliteanais airgeadais. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh an Ghlanráta Úis arna leagan amach i Nóta 4.3.

4.9. Dí-aithint sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a scoireann na cearta conartha chun an sreabhadh airgid a fháil ó na sócmhainní seo de bheith ann nó nuair a aistrítear na sócmhainní agus nuair a aistrítear go mór gach riosca agus luach saothair úinéireacht na sócmhainní freisin. Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a fhuasclaítear iad nó nuair a mhúchtar ar shlí eile iad.

4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

4.10. Bearnú sócmhainní airgeadais

Measann an Chuideachta, ag deireadh gach tréimhse airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

Maidir le hiasachtaí agus nithe infhaighte, tomhaistear an méid caillteanais mar dhifríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid amach anseo, lascainithe ag Glanráta Úis bunaidh úis na sócmhainne airgeadais. Aithnítear suim an chaillteanais bearnaithe sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

Déantar measúnú oibiachtúil ar na hiasachtaí do gach iasachtóir ar aghaidh i gcomhair bearnú ag deireadh na tréimhse airgeadais.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais bearnaithe:

- Deacracht shuntasach airgeadais an iasachtóra ar aghaidh;
- Neamhchomhlíonadh ag ab iasachtóir ar aghaidh lena chúnant agus na ngealltanais iasachta faoi seach, agus aon téarmaí eile agus coinníollacha arna gcur i bhfeidhm ag CBSÉ;
- Sárúithe conarthacha, cosúil le mainneachtain nó le faillí ar íocaíochtaí úis nó ar phríomhíocaíochtaí;
- Comharthaí go rachaidh an t-iasachtóir ar aghaidh isteach i bhféimheacht nó in atheagrú eile airgeadais.

Aithníonn an CBSÉ ioncam úis tar éis bearnaithe ag úsáid an trí úsáid a bhaint as an ráta úis a úsáideadh chun sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú d'fhonn an caillteanas bearnaithe a thomhas. Más rud é, i dtréimhse airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn an caillteanas bearnaithe agus go bhféadtar an laghdú a bhaint go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis aithint an bhearnaithe, aisiompaithe an caillteanas bearnaithe go comhréireach a bhí aitheanta roimhe sin. Aithnítear luach an aisiompaithe sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

Sa chás nach bhfuil aon dóchúlacht bhreise ann go ngnóthófar luach anonn iasachta, nó cuid d'iasacht, díscríobhann CBSÉ an méid nach bhfuil inghnóthaithe in aghaidh an chaillteanais lagaithe bhaintigh (i.e. sa chás seo, níl aon muirear breise sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach). Ní mór díscríobh méideanna iasachta a bheith faofa ag Bord CBSÉ (nó Coiste údaráithe ábhartha). Laghdaíonn aisghabhálacha ina dhiaidh sin de mhéideanna a díscríobhadh méid an lamháltais go comhréireach do bhearnú iasachta sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

4.11. Ráthaíochtaí airgeadais

Is ionann conarthaí ráthaíochta airgeadais agus conarthaí a éilíonn ar an gComhlacht íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh leis an tairbhí a chúiteamh as caillteanas a thabhaíonn an tairbhí mar go mainníonn féichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite i gcomhréir le téarmaí oibleagáidí fiachais. Tá ráthaíochtaí eisithe ag CBSÉ chuig iasachtóirí ar aghaidh i leith gach ceann do (i) na Scéime Talmhaíochta (Nóta 14.5), (ii) na Scéime Iasachta Brexit (Nóta 14.6) agus (iii) na Scéime Iasachta Fás Todhchaí (Nóta 14.8).

Aithnítear na ráthaíochtaí airgeadais sin ar dtús ag luach cóir ar an dáta a thugtar an ráthaíocht. I ndiaidh an chéad aitheantais, déantar dlíteanais an Chomhlachta faoi na ráthaíochtaí sin a thomhas ag uasmhéid na suime a aithníodh ar dtús lúide, nuair is cuí, amúchadh carntha agus an meastachán is fearr den chaiteachas atá de dhíth le haon oibleagáid airgeadais a íoc a eascraíonn de bhun an ráthaíochta ag deireadh na bliana airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

4.11. Ráthaíochtaí airgeadais (ar lean)

Cinntear an meastachán is fearr ar chaiteachas i gcomhréir le FRS 102.21. Freagraíonn dlíteanais ráthaíochta airgeadais don chostas a bhaineann le hoibleagáid a íoc, arb ionann é agus an cailtteanas measta, bunaithe ar na tosca agus an t-eolas ábhartha go léir atá ar fáil ag an gComhlacht ag deireadh na bliana airgeadais. Léirítear dlíteanas airgeadais a thagann ó chonradh ráthaíochta airgeadais mar soláthairtí do dhlíteanais sa Ráiteas Staid Airgeadais.

Déantar aon méadú nó laghdú ar an dlíteanas airgeadais a bhaineann le ráthaíochtaí airgeadais, seachas íoc glaonna ráthaíochta, a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. I gcúinsí nuair nach gá dlíteanas airgeadais a aithint, nochtar dlíteanas teagmhasach sna ráitis airgeadais don méid iomlán iniúchta faoi chonarthaí ráthaíochta airgeadais CBSÉ (Nóta 23).

4.12. Frithráthaíochtaí

I gcás ina bhfuiltear ag dréim leis an gcaiteachas uile atá de dhíth le dlíteanas ráthaíochta airgeadais a íoc, nó cuid de, de bhun cúitithe comhaontú frithráthaíochta, aithneofar an cúiteamh nuair atá sé beagnach cinnte go bhfaighfear an cúiteamh sin má íocann an Comhlacht an oibleagáid.

Aithníonn an Comhlacht cúiteamh mar shócmhainn ar leithligh. Déanann an Comhlacht an muirear cailtteanais lagaithe do dhlíteanas na ráthaíochta a ghlanluacháil leis an bpunann inghnóthaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, Más rud é nach n-aithneofar aisghabháil den sórt sin, ansin nochtar sócmhainn theagmhasach sna ráitis airgeadais don méid iomlán atá inghnóthaithe faoi chonarthaí frithráthaíochta CBSÉ (Nóta 24). Tá CBSÉ tar éis tabhairt faoi frithráthaíochtaí leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) de bhun (i) na Scéime Talmhaíochta (Nóta 14.5), (ii) na Scéime lasachta Brexit (Nóta 14.6) agus (iii) na Scéime lasachta Fás Todhchaí (Nóta 14.8).

4.13. Airgead agus coibhéisí airgid

Is ionann airgead agus coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach.

Iompraítear airgead agus coibhéisí airgid ag costas amúchta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Léirítear sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na hathruithe ar airgead agus ar choibhéisí airgid a d'eascair as gníomhaíochtaí oibriúcháin, ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus ó ghníomhaíochtaí maoinithe le linn na bliana airgeadais. Tuairiscítear an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tríd an modh díreach, ina nochtar cineálacha móra fáltais chomhlána airgid agus íocaíochtaí comhlána, a úsáid.

4.14. Sócmhainní doláimhsithe

Tá sócmhainní doláimhsithe comhdhéanta de bhogearraí a fuair an Chuideachta. Tomhaistear iad ag costas lúide amúchadh carntha agus aon chaillteanais bhearnaithe charntha. Ní chaipitlítear caiteachas ina dhiaidh sin ar shócmhainní bogearraí ach nuair a mhéadaíonn sé tairbhí geilleagair amach anseo atá corpraithe sa tsócmhainn ar leith lena mbaineann siad. Déantar cur síos ar gach caiteachas eile de réir mar a thabhaítear é.

Amúchtar bogearraí sa Ráiteas loncaim ar bhunús na líne dhírigh thar a saolré úsáideach mheasta, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Is ionann saolré úsáideach mheasta bhogearraí reatha CBSÉ agus cúig bliana.

4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

4.14. Sócmhainní doláimhsithe (ar lean)

Déantar modhanna amúchta, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe agus coigeartaítear iad nuair is gá. Glacann CBSÉ leis gurb ionann luach iarmharach a shócmhainní doláimhsithe agus náid ach amháin má tá an méid seo a leanas i gceist:

- Gealltanas ó thrú páirtí an tsócmhainn a cheannach ag deireadh a saolré ionchais; nó
- Tá margadh gníomhach ann don tsócmhainn agus:
 - Is féidir luach iarmharach a chinneadh trí thagairt don margadh sin; agus
 - Is dócha go mbeidh an margadh sin go fóill ann ag deireadh shaolré ionchais na sócmhainne.

Ag gach dáta tuairiscithe, déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a bogearraí chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann. Má bhíonn aon táscaire den chineál sin ann, beidh na sócmhainní sin faoi réir athbhreithniú bearnaithe.

Is é atá san athbhreithniú bearnaithe comparáid idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus a suim in-aisghabhála. Cinntear an tsuim in-aisghabhála agus an ceann is airde de luach cóir lúide costais diúscartha na sócmhainní agus a luach úsáide. Ríomhtar luach úsáide trí shreafaí airgid infhála tuartha mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as a diúscairt deiridh, a lascainiú ag ráta margadh-bhunaithe lascaine ar bhonn réamhchánach. Ba chóir go léireofaí measúnú margaidh reatha amluach an airgid sa ráta lascaine seo agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Laghdaítear luach iompair na mbogearraí trí mhéid aon bhearnaithe agus aithnítear an caillteanas sin sa Ráiteas Ioncain sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn sé. Féadfar caillteanas bearnaithe aitheanta roimhe seo a chúlú i bpáirt nó ina iomláine sa chás nach bhfuil na fáthanna don caillteanas bearnaithe i gceist níos mó. Déantar meastúcháin ar ghach thréimhse le feiceáil an raibh aon comthraí on gur tháinig an an caillteanas bearnaithe chun críche nó gur laghdaidh sé. Ní mhéadófar suim ghlanluacha na sócmhainne ach go dtí an méid a shroichfeadh sí mura n-aithneofaí an bearnú bunaidh.

4.15. Infháltais eile

Déantar infháltais eile atá dlite lastigh do bhliain amháin a thomhas ag an suim airgead tirim nár lascainiú nó comaoin infháltas ionchasach eile.

4.16. Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás gur ag an gCuideachta, mar gheall ar theagmhas san am atá thart, atá oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe is féidir a mheas go hiontaoifa agus sa chás gur dóigh go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

Sa chás go bhfuil difear ábhartha i gceist, cinntear soláthairtí trí na sreafaí airgid ionchasacha amach anseo a lascainiú de réir ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar an amluach airgid agus, nuair is cuí, ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

4.17. Dlíteanais theagmhasacha

Is dualgais fhéideartha iad dlíteanais theagmhasacha a ndeimhneofar gur ann dóibh trí tharlú teagmhas neamhchinnte amach anseo nó dualgais reatha sa chás nach bhfuil aistriú tairbhe geilleagraí cinnte nó nach féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh air. Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí leis na ráitis airgeadais ach amháin ná bhíonn an dóchúlacht go n-aistreofaí an tairbhe gheilleagrach fórbheag. Fach Nóta 23.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

4.18. Sócmhainn theagmhasach

Is ionann sócmhainní teagmhasacha agus sócmhainní féideartha a eascraíonn as imeachtaí a tharla san am atá caite agus nach féidir a dhearbhu gurb ann dóibh ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn imeacht neamhchinnte amháin nó níos mó sa todhchaí, imeachtaí nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an eintitis. Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh de leasanna eacnamaíocha ann. Má bhíonn réadú ioncaim beagnach cinnte ansin aithneofar an tsócmhainn bhainteach. Féach Nóta 24.

4.19. Léasú

Gearrtar cíosanna faoi léasanna oibríochtúil ar bhonn líne dhíreach thar téarma na léasa go dtí an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach de réir FRS102 Alt 20 Léasanna.

4.20. Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an foireann bainistíocht sinsearach a thuairiscíonn go díreachdon Príomhoifigeach Feidhmiúcháin príomhphearsanra bainistíochta sa CBSÉ. Féach Nóta 8.

5. Ioncam úis

	2019 €000	2018 €000
Ús ar iasachtaí agus infháltais	4,904	5,397
Ioncam úis eile	369	396
	5,273	5,793

Baineann ús ar iasachtaí agus infháltais le hioncam úis ó iasachtaí curtha ar fáil d'iasachtóirí ar aghaidh, Baineann ioncam eile úis in 2019 le hús dhiúltach a saothraíodh ó na nótaí iasachta eisithe ag an gComhlacht do GBCN (Nóta 25.2).

6. Speansas úis

	2019 €000	2018 €000
Ús ar mhaoiniú agus iasachtaí	-	223
Speansas úis eile	298	233
	298	456

Baineann speansas úis eile le hús dhiúltach a íocadh ar airgead sealbhaithe i dtaisce.

7. Ioncam eile

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Táille riaracháin na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa a gnóthaíodh	7.1	290	494
Táille riaracháin na Scéime lasachta Brexit a gnóthaíodh	7.2	656	1,006
Táille riaracháin na Scéime lasachta um Fhás sa Todhchaí a gnóthaíodh	7.2	1,060	440
Táille riaracháin na Scéime Talmhaíochta a gnóthaíodh	7.2	373	281
Ús fhiordheontas na Scéime Talmhaíochta a gnóthaíodh	7.2	1,608	2,342
Ioncam frith-aontaithe airgeadais	7.3	33	-
Ioncam ilchineálach		-	40
		4,020	4,603

7.1. Aisghabháil costais riaracháin SRC

De bhua comhaontú dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2016, arna leasú agus athshonraithe ar 14 Bealtaine 2019, idir an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus CBSÉ (an "Comhaontú Comhair SRC"), ghlac CBSÉ leis an ról mar oibreoir an SRC thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Faigheann CBSÉ táille ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta bunaithe ar aisghabháil na gcostas agus na speansas arna dtabhú ag CBSÉ chun na seirbhísí mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Comhair SRC a sholáthar. Ní dhéanann CBSÉ aon bhrabús ná caillteanas airgeadais chun na seirbhísí (féach Nóta 14.7).

7.2. Aisghabháil costais scéime

De réir comhaontaithe idir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus CBSÉ, dar dáta an 15 Nollaig 2017 (an "Comhaontú Comhoibrithe maidir le Scéim lasachta Brexit"), aisghabhann CBSÉ costais na scéime dá ról i Scéim lasachta Brexit a oibriú (féach Nóta 14.6).

De réir comhaontaithe idir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus CBSÉ, dar dáta an 21 Nollaig 2018 (an "Comhaontú Comhoibrithe maidir le Scéim lasachta um Fhás sa Todhchaí"), aisghabhann CBSÉ costais na scéime dá ról sa Scéim lasachta um Fhás sa Todhchaí a oibriú (féach Nóta 14.8).

Faoi chomhaontú idir an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus CBSÉ dar dáta an 20 Nollaig 2016 (an "Comhaontú Comhoibrithe Talmhaíochta"), aisghabhálann CBSÉ costais na scéimeanna dá ról ag oibriú na Scéime Talmhaíochta lena n-áirítear costas na bhfiordheontas ráta úis (féach Nóta 14.5).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

7. Ioncam eile (ar lean)

7.3. Ioncam frith-ráthaíochta airgeadais

Ag 31 Nollaig 2019, faigheann an CBSÉ iocaíochtaí faoina fhrith-ráthaíochtaí airgeadais le iocaíochtaí déanta faoina ráthaíochtaí airgeadais a chumhdach.

	2019 €000	2018 €000
Speansais ráthaíochta – Scéim Iasachta Talmhaíochta	(350)	(33)
– Scéim Iasachta Brexit	(245)	-
Ioncam frith-ráthaíochta – Scéim Iasachta Talmhaíochta	383	-
– Scéim Iasachta Brexit	245	-
	33	(33)

8. Speansais oibriúcháin

	<i>Nóta</i>	2019 €000	2018 €000
Costais inaisíochta le GBCN	8.2	5,740	5,275
Táillí an Bhoird	9	95	95
Amúchadh	11	473	633
Speansais fóirdheontais úis na Scéime Talmhaíochta	8.1.1	1,608	2,342
Speansais ráthaíochta airgeadais	8.1.2	-	33
Speansais eile	8.1.3	1,487	1,524
		9,403	9,902

8.1.1. Speansais fóirdheontais úis na Scéime Talmhaíochta

Cuimsíonn speansais fóirdheontais úis na scéime talmhaíochta speansais tabhaithe ag an gComhlacht agus fóirdheontas ráta úis á chur ar fáil acu d'iasachtóirí rannpháirtíocha ar aghaidh de chuid na Scéime Talmhaíochta.

8.1.2. Speansais ráthaíochta airgeadais

Amhail 31 Nollaig 2019, bhí CBSÉ tar éis a bhreithniú an dócha go ndéanfar iocaíochtaí faoina ráthaíochtaí airgeadais. De réir FRS102.21, aithníonn CBSÉ €Nialas (2018: €33k) maidir le héilimh dhóchúla ar cuireadh in iúl do CBSÉ iad agus a d'fhéadfadh a bheith iníochta faoin Scéim Talmhaíochta.

8.1.3. Speansais eile

Cuimsítear le speansais eile gach speansas eile a íocann an Chuideachta go díreach. Cuimsítear iontu sin go príomha costais mhargaíochta €0.48m (2018: €0.54m) agus táillí dlí agus gairmiúla €0.76m (2018: €0.79m).

8. Speansais oibriúcháin (ar lean)

8.2. Costais inaisíoctha le GBCN

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Costais foirne GBCN	8.2.1	2,700	2,467
Seirbhísí gnó	8.2.2	2,959	2,685
Táillí gairmiúla		35	97
Costais oibriúcháin eile		46	26
		5,740	5,275

8.2.1. Costais foirne GBCN

Áiríodh le costais foirne GBCN luach saothair agus costais eile a bhaineann leis an bhfoireann (costais phinsin san áireamh), ar nós costais foirne sealadaí, costais earcaíochta agus costais oiliúna foirne, a bhaineann le comhaltáí foirne GBCN atá ag obair go díreach le CBSÉ. Rinneadh cur síos ar na costais go léir a bhain le sochair fostaithe le linn na bliana airgeadais agus ní dhearnadh aon chostais a chaipitliú dá réir.

8.2.2. Seirbhísí gnó

Cuimsíonn costais sheirbhísí gnó costais tabhaithe le linn na bliana airgeadais i ndáil leis an áitreabh ina bhfuil an Comhlacht agus costas na seirbhísí gnó curtha ar fáil ag GBCN.

8.3. Luach Saothair

Éilítear na nochduithe seo a leanas i dtaca le luach saothair faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

8.3.1. Tairbhí comhiomlána fostaithe

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Tairbhí gearrthearma na foirne	8.3.2	2,081	1,953
Ranníocaíochtaí an fhostóra do chostais árachas shóisialta		211	196
		2,292	2,149

Ba é líon iomlan na mball foirne de choibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana ná 23 (2018: 17). Tá na costais phinsin tabhaithe ag an gComhlacht le linn na bliana airgeadais, arb ionann agus €0.27m (2018: €0.26m), san áireamh le costais foirne GBCN i Nóta 8.2. Is ionann na costais phinsin atá luaite sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus ranníocaíochtaí déanta ag an gcomhlacht do scéim GBCN i gcomhréir le moltaí achtúireacha. Níl aon méideanna curtha san áireamh sna ráitis airgeadais sin i dtaca le dliteanais phinsin. Tá na sócmhainní agus dliteanais ábhartha aitheanta i gCuntas Riaracháin GBCN.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

8. Speansais oibriúcháin (ar lean)

8.3. Luach Saothair (ar lean)

8.3.2. Tairbhí gearrthearma na foirne

	2019 €000	2018 €000
Bunphá	1,929	1,829
Pá a bhaineann le feidhmíocht	103	85
Liúntais	49	39
	2,081	1,953

8.3.3. Príomhphearsanra bainistíochta

	2019 €000	2018 €000
Táillí an Bhoird agus tairbhí gearrthearma an lucht bainistíochta	985	971
Tairbhí foirceanta	76	44
Liúntais	42	31
Árachas sláinte	5	5
	1,108	1,051

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta CBSÉ comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann na hardbhainistíochta a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá luach iomlán tairbhí na bhfostaithe leagtha amach thuas (ranníocaíochtaí an fhostóra do chostais árachas shóisialtaas an áireamh).

Ní áirítear leis sin luach na dtairbhí scoir tuillte le linn na tréimhse. Tá na príomhphearsanra bainistíochta (an Bord as an áireamh) ina mbaill de scéim pinsin GBCN agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim eiseamláireach pinsin na seirbhíse poiblí.

8.3.4. Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF)

Nicholas Ashmore (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	2019 €000	2018 €000
Tuarastal bliantúil	250	250
Íocaíocht maidir le feidhmíocht	25	25
Sochair inchánacha bhliantúla	23	23
Ranníocaíochtaí chun na scéimeanna sochar sainithe scor	36	36
	334	334

Áirítear na méideanna a íocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sna costais inaisíochta le GBCN. Is ball do scéim pinsin GBCN é an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus ní théann a teidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais le scéim pinsin seirbhíse poiblí.

9. Táillí boird agus speansais bhoird

Íoctar táille bhliantúil €15,750 le Stiúrthóirí áirithe, arna sonrú ag an Aire Airgeadais de réir Bhunreacht CBSÉ. Ní bhfuair na Stiúrthóirí aon sochair ná luach saothair eile, lena n-áirítear sochair scoir, mar thoradh ar a gcuideachta.

Comhalta Boird	2019 €	2018 €
Barbara Cotter	15,750	15,750
Tom McAleese	15,750	15,750
Rosheen McGuckian	15,750	15,750
AJ Noonan	15,750	15,750
Richard Pelly	15,750	15,750
Eilis Quintan	15,750	15,750
	94,500	94,500

Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, baill foirne GBCN nó aon feidhmeannaigh ón Roinn Airgeadais, (sé sin Eoin Dorgan) aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas ar an mBord.

Déantar speansais cheadaithe a aisíoc le Stiúrthóirí ar bhonn deimhnithe. Baineann speansais le taisteal chun freastal ar chruinnithe in oifigí CBSÉ i mBaile Átha Cliath. I rith na bliana airgeadais, tabhaíodh a leanais i speansais ar an iomlán i ndáil le baill bhoird:

Comhalta Boird	2019 €	2018 €
Richard Pelly	833	941

Áirítear na speansais a íocadh leis na Stiúrthóirí a bhaineann le taisteal i speansais eile i Nóta 8.

10. Muirear cánach

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cháin chorparáide de bhua alt 23(1)(b) d'Acht CBSÉ 2014.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

11. Sócmhainní doláimhsithe

	Costas €000	Amúchadh carntha €000	Glanluach de réir na leabhar €000
2019			
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2019	1,917	(1,023)	894
Fáltais	132	-	132
Diúscairtí	(3)	-	(3)
Amúchadh	-	(473)	(473)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	2,046	(1,496)	550
	Costas €000	Amúchadh carntha €000	Glanluach de réir na leabhar €000
2018			
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2018	1,292	(390)	902
Fáltais	625	-	625
Amúchadh	-	(633)	(633)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018	1,917	(1,023)	894

Baineann sócmhainní doláimhsithe le bogearraí TF a cheannaigh an Chuideachta i rith na bliana airgeadais. Áirítear amúchadh a gearradh i rith na bliana airgeadais i speansais oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim. Ní raibh aon shócmhainní (2018: €4k) á bhforbairt ag deireadh na bliana airgeadais.

Níor tabhaíodh aon chaillteanais bhearnaithe ar na sócmhainní bogearraí i rith na bliana airgeadais.

12. Iasachtaí agus infháltais

	2019 €000	2018 €000
Iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh a bhí dlíte laistigh d'aon bhliain amháin	148,977	117,904
Iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin	406,450	509,350
	555,427	627,254

Tá an deighilt idir na hiasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh idir iasachtaí urraithe agus neamhurraithe leagtha amach thíos:

	2019 €000	2018 €000
Urraithe	175,800	151,255
Neamhurraithe	379,627	475,999
	555,427	627,254

12. Iasachtaí agus infháltais (ar lean)

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí iasachtaí in eisiúint ag CBSÉ do sé gcinn d'iasachtóirí ar aghaidh (2018: sé gcinn). Is bainc iad trí cinn de na hiasachtóirí ar aghaidh sin (2018: trí cinn), agus is soláthraithe airgid neamhbhainc iad trí iasachtóir ar aghaidh (2018: trí cinn). Is ionann téarmaí fanta iasachtaí na n-iasachtóirí ar aghaidh agus idir 0.5 agus 6 bliana agus gearrann CBSÉ ús ag Euribor sé mhí móide corrlach. Measann an Chuideachta, ag deireadh gach bliana airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil na hiasachtaí iasachtóra ar aghaidh bearnaithe (feic Nóta 4.10). Tar éis measúnú bearnaithe ar na hiasachtaí amhail an 31 Nollaig 2019, chinn an Chuideachta nach raibh aon fhianaise ar bhearnú ann ag an dáta tuairiscithe (2018: €Nialas). Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €60 milliún (2018: €115 milliún) ag an gCuideachta i dtiomantais iasachta nach raibh tarraingthe anuas.

13. Airgead agus coibhéisí airgid

	2019 €000	2018 €000
larmhéid ag Banc Ceannais na hÉireann	31,902	39,678

Tá airgead tirim do chostais oibríochta sa áireamh san airgead tirim a bhí i seilbh an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus cistiú a cuireadh ar fáil don Chomhlacht leis na costais a chlúdach a bhaineann le hoibriú na Scéime Talmhaíochta agus na Scéime Iasachta Brexit agus an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí. Feic Nóta 14 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na scéimeanna sin.

14. Bainistíocht riosca

Tá sé mar aidhm ag an gCuideachta a bheith feasach ar riosca agus a rioscaí a bhainistiú go gníomhach. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí rithábachtacha a rinne an CBSÉ agus í a bheith ag brath ar an dea-cháil, leagtar béim láidir ar raon cuí rialuithe.

Tá sé mar aidhm ag CBSÉ rioscaí a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, de réir a goile riosca, ar bhealach a fhágann go bhfuil an leibhéal riosca ag teacht leis an mbunghníomhaíocht Déanfaidh CBSÉ aon rioscaí nua a thagann chun cinn a bhreithniú agus glacfar cinneadh maidir le glacadh agus bainistiú na rioscaí sin.

Is iad na príomhchatagóirí rioscaí a shainaithníonn agus a bhainistíonn an Chuideachta ina cuid gnó laethúil agus a bhfuil de chumas aige an tionchar ba mhó a bheith ar ráitis airgeadais na Cuideachta, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca margaidh.

Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca

Tá an Bord freagrach as an ngoile riosca a leagan síos agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca agus í a threorú ar fud CBSÉ. Shainordaigh an Bord go gcomhtháthófaí agus go leabófaí bainistíocht riosca i dtionchar agus i gcultúr CBSÉ.

Tá an Coiste Iníúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ. Déanann an Coiste Iníúchta agus Riosca iarracht a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca CBSÉ leibhéil neamhspleáchais agus dúshláin atá iomchuí. Tuairiscíonn an Coiste Iníúchta agus Riosca don Bhord go neamhspleách.

Feidhmíonn Beartas agus Creat Bainistíocht Riosca CBSÉ de réir na bprionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

Braitheann CBSÉ ar na seirbhísí a chuireann GBCN ar fáil do ghnéithe áirithe den bhainistíocht riosca, eadhon:

- Bainistíocht leanúnachas gnó;
- Seirbhísí comhlíonta agus dlí;
- Bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí chun críocha bainistíocht airgid;
- Seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

An chéad líne chosanta:

Tá lucht bainistíochta CBSÉ freagrach as bainistíocht laethúil riosca agus as a chinntiú go mbíonn rialuithe dóthanacha i bhfeidhm agus ag feidhmiú i gceart. Tuairisceoidh an lucht bainistíochta maidir le bainistíocht riosca chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Seo a leanas na príomhchéimeanna a úsáidtear sa phróiseas um bainistíocht riosca:

- Na rioscaí ar fad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar CBSÉ ag baint amach na cuspóirí bunaithe;
- I gcomhair gach riosca, tionchar tosaigh agus dóchúlacht a tharlaithe a chinneadh;
- I gcomhair gach riosca, a chinneadh cibé ar féidir glacadh leis an riosca nó an mbeidh gá é a aistriú, a laghdú nó a sheachaint;
- I gcomhair gach riosca, d'ainneoin a thionchair nó dhóchúlacht a tharlaithe, gníomhartha chun riosca a laghdú a chur san áireamh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeacht iarmharach agus féidireacht tarlathem chomh maith le sádús tar éis cuir i bhfeidhm gníomhairí mhaolaitheach an-thabachtach;
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha maolaithe ar bhonn leanúnach.

An dara líne chosanta:

Tugann feidhm Riosca CBSÉ agus feidhm Comhlíonta GBCN, maidir le sainréimsí freagrachta, dúshlán agus forbhreathnú neamhspleách chun forfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ a chinntiú.

An tríú líne chosanta:

Is í an fheidhm feidhm Iniúchta Inmheánaigh an CBSÉ, ar a dhéanann an CIR maoirseacht, ar an tríú líne chosanta agus soláthraíonn sí deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe maidir do phríomh gheallsealbhoirí le stóinseacht chóras bainistíochta riosca CBSÉ, maidir le rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

14.1. Riosca creidmheasa

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó CBSÉ. Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go gcúiseoidh páirtí amháin le hionstraim airgeadais cailteanas don pháirtí eile trí mainneachtain íoc as a oibleagáid. I bhfocail eile, eascraíonn riosca creidmheasa Go príomha as mainneachtain fhéideartha iasachtóir ar aghaidh a iasachtaí a aisíoc go hiomlán le CBSÉ. Tá an Comhlacht nochta freisin do riosca creidmheasa i leith ráthaíochtaí a eisítear d'iasachtóirí ar aghaidh, agus frithráthaíochtaí faighte ón CEI.

Lena phríomhchuspóirí a bhaint amach agus a shainordú a chomhlíonadh, ní mór do CBSÉ glacadh le leibhéal áirithe riosca creidmheasa.

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

14.1. Riosca creidmheasa (ar lean)

Mar bhunphrionsabal, agus i gcomhréir lena Ráiteas ar Ghoile Riosca, féachann CBSÉ le riosca creidmheasa a ghlacadh ar bhealach stuama a ghlacann leis an leibhéal íosta de riosca creidmheasa is gá lena chuspóirí a bhaint amach. Mar sin de, déanann CBSÉ a nochtadh do riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach agus déantar an riosca sin a thomhas, a mheasúnú agus a rialú i leith gach idirbheart nó aon imeacht creidmheasa a dtugtar faoi.

Déanann CBSÉ iarracht a neamhchosaint ar riosca creidmheasa a íoslaghdú trí thabhairt faoi phróiseas fairsing díchill chuí roimh aon chinntí iasachtaithe nó rathaíocht a chuir ar fáil. Áirítear i bpróiseas um bainistíocht riosca creidmheasa na Cuideachta na nithe seo a leanas:

- Measúnú cuimsitheach ar gach iasachtóir ar aghaidh ionchais, a bhainistíocht, chumas oibriúcháin, thaithí foscúrofa creidmheasa, fheidhmíocht airgeadais, bhainistíocht riosca, chórais, thairiscint táirge agus chuma aisíocaíochta;
- Cuairteanna ar an suíomh agus cruinnithe duine le duine le bainistíocht;
- Measúnú ar fheidhmíocht airgeadais an iasachtóra ar aghaidh ionchais trí thagairt don fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear cuntais iniúchta, cuntais bhainistíochta agus meastacháin airgeadais;
- Dícheall cuí tráchtála neamhspleách i dtaca le soláthraithe maoinithe neamhbhainc;
- Dícheall cuí dlíthiúil neamhspleách;
- Anailís ar chumas aisíocaíochta iasachtóra ar aghaidh, lena n-áirítear léiriú soiléir agus réasúnach ar chumas iasachtóra ar aghaidh a dhualgais a shásamh agus fiacha CBSÉ a íoc ina n-iomláine;
- Athbhreithniú riosca agus ceadú Cheannasaí Riosca CBSÉ le haghaidh gach iasachtóra ar aghaidh féideartha;
- Comhthaobhacht imleor a fháil i dtaca le hiasachtaí (nuair is iomchuí), lena n-áirítear urrús de mhuirear seasta nó comhlúthach thar shócmhainní an iasachtóra contrapháirte;
- Tá gach cinneadh creidmheasa forchoimeádta don Bhord, nó do choistí iomchuí an Bhoird;
- Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar áiseanna creidmheasa;
- Athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngealltanais gabháltais faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha arna gcur i bhfeidhm ag CBSÉ;
- Próiseas athbhreithnithe foirmiúil ar iasachtóirí contrapháirte a chuirtear i gcrích ar bhonn bliantúil, ar a laghad, maidir le gach iasachtóir ar aghaidh faofa;
- Measúnú ar riachtanais cúlbhannaí i gcomhthéacs roinnt tosca lena n-áirítear láidreacht airgeadais an iasachtóra ar aghaidh;
- Teacht ar fhrithráthaíocht agus nó airgead tirim ar son cúlchistí caillteanais le dlíteanais rathaíocht CBSÉ a chlúdach go hiomlán nó i bpáirt.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

14.1. Riosca creidmheasa (ar lean)

Is ionann an uas-neamhchosaint ar riosca creidmheasa do shócmhainní airgeadais ag a bhfuil riosca creidmheasa amhail an 31 Nollaig 2019 agus €683.4m (2018: €808.8m). Cuirtear an uas-neamhchosaint sin ar riosca creidmheasa i láthair trí aicme na hionstraime airgeadais thíos agus áirítear leis freisin tiomantais iasachta na Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais:

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Iasachtaí agus infháltais		555,427	627,254
Airgead agus coibhéisí airgid		31,902	39,678
		587,329	666,932
Tiomantais iasachta		60,000	115,000
Rathaíochtaí	23	36,100	26,900
		683,429	808,832

Leagtar amach sa tábla thíos cáilíocht chreidmheasa shócmhainní airgeadais na Cuideachta. Tá an anailís bunaithe ar rátálacha Standard & Poor's nuair is infheidhmithe.

	2019 €000	2018 €000
AAA	16,957	16,935
A+ go A-	34,987	52,748
BBB go BB+	359,585	445,994
Gan rátáil	175,800	151,255
	587,329	666,932

14.2. Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a bhaineann le neamhábaltacht na Cuideachta gach ceann dá hoibleagáidí airgeadais gearrthéarmach a chomhlíonadh. Is é sin an riosca caillteanaís a eascraíonn as cás nach mbeidh dóthain airgid ann chun oibríochtaí laethúla a mhaoiniú agus nach mbeidh an CBSÉ in ann sócmhainní a aistriú go airgead tirim in am tráthúil. Áirítear le próiseas bainistíochta riosca leachtachta na Cuideachta:

- Cloí le Beartas Bainistíochta Riosca Leachtachta agus Margaidh CBSÉ agus teorainneacha gaolmhara;
- Bainistíocht maoinithe laethúil, lena n-áirítear monatóireacht ar shreafaí ionchais airgid amach anseo, e.g. ceangaltais iasachta amach anseo, chun a chinntiú go bhféadtar riachtanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlíte;
- Bainistíocht sócmhainní agus dliteanas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais chun a chinntiú go gcoimeádtar acmhainní leordhóthanacha airgid agus/nó go mbunaítear maoiniú i gcásanna gur dócha go dtarlóidh mí-oiriúnuithe, rud a íoslaghódh tionchar an eis-sreafa leachtachta;
- A riosca leachtachta a bhainistiú trí phróifíl aibíochta a sócmhainní agus dliteanaís a ailíniú, a mhéad agus is indéanta, chun riosca athmhaoinithe a dhibirt a mhéad agus is féidir. Faigheann CBSÉ maoiniú fadtéarma ar ráta comhlúthach óna maoinitheoirí, agus nuair is féidir cuireann sí struchtúir ar éirim agus ar sceideal aisíocaíochta a hiasachtaí chun an phróifíl aibíochta mhaoinithe sin a léiriú;
- Maolán leachtachta airgid a chothabháil le dul i ngleic le haon riachtanais leachtachta ghearrthéarma a thiocfadh chun cinn.

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

14.2. Riosca leachtachta (ar lean)

Tá achoimre sa tábla thíos ar uainiú na n-aisíocaíochtaí conarthachta atá dlite ag an gCuideachta. Cuirtear na méideanna i láthair anseo go gan lascaine. Áirítear dliteanais eile de €50.8m (2018: €52.9m) (Féach Nóta 18) ann freisin. Cuimsítear i méideanna inaisíoctha "tráth laistigh de 1 bhliain amháin" ús fabhráithe agus dliteanais eile, cuimsítear i méideanna iníoctha "tar éis 1 bhliain amháin" aisíocaíochtaí ar phríomhíasachtaí le maoinitheoirí.

	Laistigh 1 bhliain amháin €000	1 go 5 bliana €000	Tar éis 5 bliana €000	Iomlán €000
2019 aisíocaíochtaí dlite	105,016	404,762	49,405	559,183
2018 aisíocaíochtaí dlite	129,521	422,618	85,715	637,854

14.3. Riosca Margaidh

Is é atá i gceist le riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraime airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Tá riosca margaidh CBSÉ comhdhéanta de riosca ráta úis. Eascraíonn rioscaí margaidh ó shuíomhanna oscailte i dtáirgí ráta úis nó airgeadra, atá neamhchosanta ar ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus ar athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí úis. Bainistíonn CBSÉ a riosca margaidh de réir Bheartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta agus Margaidh CBSÉ agus teorainneacha gaolmhara.

Riosca ráta úis

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a cuid iasachtaí agus infháltais agus ar a hairgead agus coibhéisí airgid. Nuair is féidir, léiríonn áiseanna iasachtaithe CBSÉ próifíl riosca ráta úis na gcomhaontuithe iasachtaithe bunúsacha d'fhonn eachtraí neamhréirí ráta úis ábhartha a íoslaghdú. Aithneoidh agus déanfaidh CBSÉ monatóireacht agus bainistiú ar aon riosca iarmharach.

Mar gheall go bhfuil próifíl riosca reatha CBSÉ do mhaoiniú agus iasachtú ar aghaidh ar bhonn ráta comhlúthach sé mhí, áfach, tá a neamhchosaint ar riosca ráta úis teoranta. Seach-chuirtear go mór aon mhíréirí a eascraíonn mar go n-athshocraítear rátaí úis. I gcás míréirí athshocraithe mór nó i gcás nach ionann bunúis na socruithe, lorgóidh CBSÉ na seasaimh sin a fhálú.

Leagtar amach thíos na méideanna atá neamhchosanta ar riosca ráta úis amhail an 31 Nollaig 2019:

Sócmhainní Airgeadais	2019 €000	2018 €000
Airgead agus coibhéisí airgid	31,902	39,678
Iasachtaí agus infháltais	555,427	627,254
	587,329	666,932
Dlíteanais airgeadais	2019 €000	2018 €000
aoiniú agus iasachtaí	508,334	585,000

Riosca airgeadra

Níl CBSÉ neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra, mar go ndéantar a gníomhaíochtaí maoinithe agus iasachta ar fad in euro.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

14.3. Riosca Margaidh (ar lean)

14.3.1. Tomhas riosca margaidh

Íogaireacht riosca ráta úis

Ní gá go léiríonn eolas a sholáthraítear san anailís íogaireachta an t-athrú iarbhrí ar luach cóir a thabhdh an Chuideachta faoi ghnáthchoinníollacha margaidh mar, de bharr teorainneacha praiticiúla, coimeádtar gach athróg, seachas an toisc shonrach riosca margaidh, seasmhach.

Léirítear sa tábla seo a leanas an íogaireacht ráta úis a eascraíonn as méadú nó laghdú de 50 bonnphointe ar an ráta úis (Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro sé mhí). Tomhaistear an riosca mar thionchar an ghlanluacha reatha, ar shreafaí airgid na n-iasachtaí infhaighte agus iníoctha mar gheall ar an athrú sin ar rátaí úis. Tá na rátaí úis leagtha síos amhail an 31 Nollaig 2019.

Anailís Íogaireachta Ráta Úis – bogadh 50bp

2019	+50bp €000	-50bp €000
Glantionchar ar shreabhadh airgid	(6)	(1,079)
2018	+50bp €000	-50bp €000
Glantionchar ar shreabhadh airgid	(221)	464

Níl na híogaireachtaí ráta úis siméadrach mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear próifíl aibíochta na punainne agus dátaí íocaíochta úis na n-iasachtaí. Bainistítear próifíl aibíochta na punainne go gníomhach agus athróidh sí le himeacht aimsire.

14.4. Bainistíocht caipitil

Níl an Chuideachta faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach. Tá an Chuideachta tiomanta do chinntiú go bhfuil dóthain caipiteal aici mar go bhfuil riosca ann nach mbeadh an Chuideachta in ann aon chaillteanais chreidmheasa féideartha a iompar mar gheall ar bhainistíocht mhíchuí ar a caipiteal. Is ionann scairchaipiteal íoctha CBSÉ amhail an 31 Nollaig 2019 agus €35 milliún (2018: €35 milliún), a chuir scairshealbhoir aonair CBSÉ, an tAire Airgeadais, ar fáil. Anuas air sin, bhí caipiteal inghlaoite €215 milliún (2018: €215 milliún) ar fáil do CBSÉ ar féidir léi a ghlaoch dá lánrogha ón Aire Airgeadais, arna fhoráil in Acht CBSÉ 2014.

Áirítear le próiseas um bainistiú riosca caipitil na Cuideachta cloí leis na riachtanais faoi leordhóthanacht caipitil i Ráiteas CBSÉ ar Fhonn Riosca lena chinntiú go mbíonn dóthain caipiteal aici chun aon chaillteanais fhéideartha a iompar. Déanann an Bord athbhreithniú ar an leorgacht caipitil mar chuid dá athbhreithniú rialta ar thuairisciú riosca ag gach cruinniú sceidealaithe den Bhord.

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

14.5. Scéim Iasachta Talmhaíochta chun Tacú le Sreabhadh Airgid ("Scéim Talmhaíochta")

Ghlac CBSÉ páirt i gcomhaontú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an 20 Nollaig 2016 (an "Comhaontú Comhoibríochta Talmhaíochta") faoina bhfuair CBSÉ airgead tirim de luach €25m ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú le cruthú agus oibriocht na Scéime Talmhaíochta. Faoin Scéim Talmhaíochta, tá ráthaíochtaí eisithe ag CBSÉ d'institiúidí rannpháirteacha i leith iasachtaí tugtha ag na hinstiúidí do FBManna talmhaíochta. Clúdaíonn ráthaíochtaí CBSÉ 80% de chaillteanais creidmheasa cás ar chás, faoi réir chaidhp phunainne foriomlán de 15% agus punann uasta de €150m. Mar thoradh, ag deireadh na bliana airgeadais, tá dlíteanas teagmhasach de €17.0m (2018: €17.3m) ag an gComhlacht a bhaineann le caillteanais chreidmheasa féideartha atá clúdaithe faoin scéim. Tá an dlíteanas teagmhasach sin de €17.0m fritháirithe go páirteach le comhaontú frithráthaíochta ón CEI de luach €8.5m, agus le hairgead tirim de luach €8.5m atá i seilbh mar chúlciste caillteanais (ón €25m a fuarthas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara). Úsáidtear iarmhéid an chistiúcháin a fuarthas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (€16.5m) le fóirdheontais ráta úis a íoc leis na hinstiúidí rannpháirteacha, a thugtar ar aghaidh ina n-iomláine do na FBManna is iasachtaithe, agus le CBSÉ a chúiteamh as na costais a bhaineann leis an scéim a oibriú. Is ionann nochtadh glan CBSÉ do chaillteanais chreidmheasa faoin Scéim Talmhaíochta agus €Nialas (2018: €Nialas), ag cur san áireamh an €8.65m de frithráthaíocht agus an €8.65m de chistiúchán cúlchiste caillteanais ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá suimeanna tabhaithe do chaiteachas ráthaíochta airgeadais agus ioncam faighte ó fhrithráthaíochtaí san áireamh i nóta 7.3.

14.6. Scéim Iasachta Brexit

Ghlac CBSÉ páirt i gcomhaontú leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar an 15 Nollaig 2017 (an "Comhaontú Comhoibrithe maidir le Scéim Iasacht Brexit"), faoina dtug na hAirí €23m do CBSÉ lena úsáid i Scéim Iasachta Brexit chun tacú le fiontair a mbeidh tionchar ag Brexit orthu.

Faoi Scéim Iasachta Brexit, rinne CBSÉ ráthaíochtaí creidmheasa a eisiúint le hinstiúidí rannpháirteacha maidir le hiasachtaí do gnóthaí a mbeidh tionchar ag Brexit orthu. Cumhdófar 80% de na caillteanais chreidmheasa le ráthaíochtaí CBSÉ, ar bhonn cás ar chás, faoi réir uasphunainne de €300m. Mar thoradh air sin, tá dlíteanas teagmhasach de €27.8m ag an gGuideachta ag deireadh na bliana airgeadais (2018: €9.6m) a bhaineann leis na caillteanais chreidmheasa fhéideartha faoin scéim. Tá an dlíteanas teagmhasach sin de €27.8m fritháirithe le comhaontú frithráthaíochta ó CEI de luach €13.9m, agus le hairgead tirim de luach €17.5m atá i seilbh mar chúlciste caillteanais (ón €23m a fuarthas ó na hAirí). Úsáidtear iarmhéid an chistiúcháin a fuarthas ó Airí (€5.6m) chun caillteanais chreidmheasa ionchais a chumhdach agus chun CBSÉ a chúiteamh as na costais a bhaineann leis an scéim a oibriú.

Is ionann nochtadh glan CBSÉ do chaillteanais chreidmheasa faoin Scéim Iasachta Brexit agus €Nialas (2018: €Nialas) ag cur san áireamh an €13.9m de fhrithráthaíocht CEI agus an €17.5m de chistiúchán cúlchiste caillteanais ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá suimeanna tabhaithe do chaiteachas ráthaíochta airgeadais agus ioncam faighte ó fhrithráthaíochtaí san áireamh i nóta 7.3.

14.7. Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ("SRC")

Ceapadh CBSÉ mar oibreoir na scéimeanna uile a chruthaítear faoi na hAchtanna um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012 agus 2016 thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Níl aon nochtadh riosca creidmheasa ag CBSÉ do na ráthaíochtaí creidmheasa eisithe faoi na Scéimeanna sin. Is ról riaracháin amháin é ról CBSÉ agus déanann CBSÉ an riosca oibriochtúil a eascraíonn as próiseáil íocaíochtaí agus éileamh a bhainistiú faoina phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha (féach Nóta 7).

14.8. Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí

Rinne CBSÉ comhaontú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta dar dáta an 21 Nollaig 2018 (an "Comhaontú Comhoibrithe maidir le Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí"), faoinar gheall na hAirí €17 a réamhíoc le CBSÉ lena úsáid sa Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí chun tacú le hiasachtaí infheistíochta fadtéarmacha d'fhiontair in Éirinn. Fuair CBSÉ an chéad tráinse de €9m i mí na Nollag 2018. Fuair CBSÉ an dara agus tríú tráinse de €1.25m agus €0.22m i mí Eanáir 2019 agus mí na Nollag 2019 faoi seach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

14. Bainistíocht riosca (ar lean)

14.8. Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí

Faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí (SIFT), d'eisigh CBSÉ ráthaíochtaí creidmheasa le hinstiúidí rannpháirteacha maidir le hiasachtaí le gnóthaí cáilitheacha. Cumhdaíonn CBSÉ 80% de na caillteanais chreidmheasa le ráthaíochtaí, ar bhonn cás ar chás, faoi réir uasphunainne de €300m. Comhaontaigh CBSÉ leis an gCiste Eorpach Infheistíochta le comhaontú frithráthaíochta a dhéanamh chun 80% dá nochtadh ráthaíochta a fhritháireamh. Mor thoradh, ag críoch na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmh asach €69.8m (2018: €Nialas) a bhaineann le cailteanais creidmheasa féideartha faoin scéim. Tá an dliteanas teagmh asach de €69.8m a fhritháireamh ag an aontú fhrithráthaíochta ón gCiste Eorpach le luach €55.9m, agus aigead de €11m mar ciste caillteanas ar fuarthas €10.5m do ag 31 Nollaig 2019.

Is é €2.9m (2018: €Nialas) nochtadh CBSÉ do chaillteanais creidmheasa faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí ag cur an fhritháireamh de €55.9m agus an maoiniú ciste caillteanas de €11m ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta san áireamh. Ach, meastar gur fánach an dóchúlacht go gcríostalóidh an dliteanas féideartha seo agus mar sin nach gá forálacha a chuir i bhfeidhm.

14.9. Riosca comhchruinnithe

Is é is riosca comhchruinnithe ann an riosca go nochtfaí an Chuideachta le haon neamhchosaint nó grúpa neamhchosaintí a bhfuil sé de chumas acu bheith ina gcúis le caillteanais sách mór chun cumas na Cuideachta le leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a bhagairt.

Bainistíonn an Chuideachta an riosca sin trí chloí leis na teorainneacha arna leagan amach sa Ráiteas ar Fhonn Riosca a d'fhaomh an Bord agus atá faoi réir athbhreithniú rialta an Bhoird. Sainmhínítear sa Ráiteas ar Fhonn Riosca na huasmhéideanna áiseanna creidmheasa a thiomáinfeadh do chatagóirí áirithe iasachtóra, i dtéarmaí iomlána agus go coibhneasach le háiseanna creidmheasa tiomanta foriomlána CBSÉ. Téitear i ngleic sa Ráiteas ar Fhonn Riosca chomh maith leis an riosca comhchruinnithe i measc mhaoinitheoirí CBSÉ tríd an uas-chomhchruinniú ceadaithe i dtéarmaí neamhchosaint le haon mhaoinitheoir amháin a shainmhíniú.

Tá sé i gceist go gcoinnteofaí leis na bearta seo go bhfuil punann fhoriomlán na próifíle riosca sách éagsúil, agus nach bhfuil an iomarca neamhchosanta ar aon chomhchruinniú riosca inti.

Tá príomh-chomhchruinniú tíreolaíoch shócmhainní riosca na Cuideachta in Éirinn, agus baineann príomh-chomhchruinniú eanála an riosca le hinstiúidí airgeadais agus neamhairgeadais, a eascraíonn as a sainordú reachtúil chun creidmheas a chur ar fáil d'aonáin agus do dhaoine sa Stát, arna leagan amach in Acht CBSÉ 2014. Is ionann neamhchosaint riosca comhchruinnithe tíreolaíoch na Cuideachta óna cuid iasachtaí agus infháltais agus €555.4m (2018: €627.3m).

Tá príomh-chomhchruinniú dliteanais na Cuideachta le maoinitheoirí Éireannacha agus Eorpacha.

15. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais

15.1. Luach iompair i gcomparáid le luach cóir

Déantar achoimre sa tábla thíos ar shuimeanna glanluacha agus ar luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais nach gcuirtear i láthair ar Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais ag a luach cóir.

Leibhéal 1 – Sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le praghsanna luaite margaidh (neamhchoigeartaithe).

Leibhéal 2 – Sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh inbhraite.

Leibhéal 3 – Sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh dobhraite.

15. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

15.1. Luach iompair i gcomparáid le luach cóir (ar lean)

Tomhaistear luachanna cóir na n-ionstraimí airgeadais de réir an ordlathais luacha chóir seo a leanas:

Sócmhainní Airgeadais 2019	Luach iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
Airgead agus coibhéisí airgid	31,902	31,902	-	-	31,902
Infháltais eile	1,023	-	-	1,023	1,023
Iasachtaí agus infháltais	555,427	-	-	555,427	555,427

2018

Airgead agus coibhéisí airgid	39,678	39,678	-	-	39,678
Infháltais eile	217	-	-	217	217
Iasachtaí agus infháltais	627,254	-	-	627,254	627,254

Dlíteanais airgeadais 2019	Luach iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
Dlíteanais eile	50,820	-	-	50,820	50,820
Maoiniú agus iasachtaí	508,334	-	-	508,334	508,334

2018

Dlíteanais eile	52,854	-	-	52,854	52,854
Maoiniú agus iasachtaí	585,000	-	-	585,000	585,000

15.2. Prionsabail tomhais an luacha chóir

Iasachtaí agus infháltais agus maoiniú agus iasachtaí

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais seo cothrom lena luach iompair de bharr chuspóir/chineál sainmhínithe na n-áiseanna seo. Tá an luach iompair ag costas amúchta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

16. Infháiltais eile

	2019 €000	2018 €000
Táille riaracháin na scéime atá dlite	666	184
Frithráthaíocht infhaighte	297	-
Aisghabháil táille iasachtóra ar aghaidh	39	-
Ús infhaighte	21	33
	1,023	217

Baineann ús infhaighte le hús diúltach saothraithe ar na nótaí iasachtach eisithe chuig an GBCN ag an Cuideachta (Nóta 25.2) agus tá siad infhaighte ag deireadh na bliana.

17. Maoiniú agus iasachtaí

	2019 €000	2018 €000
Maoiniú agus iasachtaí dlite laistigh de bhliain amháin	54,167	76,667
Maoiniú agus iasachtaí dlite tar éis bliain amháin	454,167	508,333
	508,334	585,000

Ráthaigh an tAire Airgeadais na dliteanais maoinithe seo, arna ceadú faoi alt 18 d'Acht CBSÉ 2014.

Bhí iasachtaí dlite ag CBSÉ le triúr mhaoinitheoir ag deireadh na bliana airgeadais (2018: triúr mhaoinitheoir). Is institiúidí airgeadais Eorpacha iad dhá cheann de na maoinitheoirí sin agus is GBCN an ceann eile. Is ionann téarmaí fanta na n-iasachtaí seo agus idir 1 agus 9 mbliana agus tabhaíonn CBSÉ ús ag Euribor sé mhí móide corrlach. I gcás fiachais dlite tar éis cúig bliana, is meascán d'aisíocaíochtaí bunairgid leathbhliantúla agus cnap-aisíocaíochtaí iad na haisíocaíochtaí ag brath ar théarmaí an chomhaontaithe maoinithe is infheidhme.

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €380 milliún (2018: €480 milliún) ag an gcuideachta i saoráidí maoinithe nach raibh tarraingthe anuas.

18. Dliteanais eile

	2019 €000	2018 €000
Iníochta leis an Aire Talmhaíochta – Scéim Talmhaíochta	18,572	20,666
– Scéim Iasachta Brexit	8,354	8,606
Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht – Scéim Iasachta Brexit	12,994	13,388
– Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí	9,292	8,560
Méideanna atá dlite do GBCN	826	1,177
Fóirdheontas úis iníochta	500	80
Dliteanais eile	282	377
	50,820	52,854

18. Dlíteanais eile (ar lean)

Mar a leagtar amach i Nóta 14.5, i 2016 thug an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara €25 ar iasacht do CBSÉ lena úsáid sa Scéim Talmhaíochta chun tacú le FBManna san earnáil talmhaíochta in Éirinn. Aithníodh €2.0m (2018: €2.6m) d'ioncam eile le linn na bliana (féach Nóta 7), rud a d'fhág iarmhéid de €18.6m (2018: €20.7m). Tá cistí nár úsáideadh le linn saolré na Scéime Talmhaíochta in-aisíochta leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cistí a tugadh mar iasacht faoin Scéim Talmhaíochta rangaithe mar dhliteanas deontais faoi FRS 102 Alt 24.

Ar an gcaoi chéanna, mar atá leagtha amach i Nóta 14.6, rinne an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta €23m a réamhíoc le CBSÉ lena úsáid i Scéim Iasachta Brexit chun tacú leis na fiontair sin a mbeidh tionchar ag Brexit orthu. Níor aithníodh méid dar luach €0.7m (2018: €1.0m) in ioncam eile don bhliain (féach Nóta 7) agus mar sin fágadh iarmhéid de €21.3m (2018: €22.0m). Tá cistí nár úsáideadh le linn shaolré na Scéime Iasachta Brexit in-aisíochta leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ar an gcaoi chéanna, mar atá leagtha amach i Nóta 14.8, rinne an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta €10.5m a réamhíoc le CBSÉ lena úsáid sa Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí chun tacú le hiasachtaí infheistíochta fadtéarmacha d'fhiontair. Aithníodh €1.1m (2018: €0.4m) d'ioncam eile le linn na bliana (féach Nóta 7), Den €1.1m sin, fabhraíodh €0.3m in infhaighte eile agus aithníodh €0.8m i ndlíteanais eile agus mar sin fágadh iarmhéid de €9.3m (2018: €8.6m). Tá cistí nár úsáideadh le linn shaolré na Scéime Iasachta um Fhás sa Todhchaí in-aisíochta leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

19. Soláthar le haghaidh dliteanas

	2019 €000	2018 €000
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir	33	-
Muirir ar ioncam cuimsitheach	(33)	33
Iarmhéid an 31 Nollaig	-	33

Amhail 31 Nollaig 2019, bhí CBSÉ tar éis a bhreithniú an dócha go ndéanfar íocaíochtaí faoina ráthaíochtaí airgeadais. De réir FRS 102.21, d'aithin CBSÉ €Nialas (2018: €33k) maidir le héilimh dhóchúla ar cuireadh in iúl do CBSÉ iad agus a d'fhéadfadh a bheith iníochta faoin Scéim Talmhaíochta, féach Nóta 14.5. Íocadh na n-éileamh sin i 2019, agus rinneadh iad a chúiteamh le haisíocaíocht dar fiú 50% de luach na n-éileamh ón gCiste Eorpach Infheistíochta faoin frithráthaíocht. Braitheann uainiú agus méid deiridh na n-éileamh ar fháil iarbhair na n-éileamh ón iasachtóir ar aghaidh ábhartha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

20. Anailís aibíochta ar sócmhainní agus ar dhliteanais

Léirítear sa tábla thíos miondealú na sócmhainní agus na ndlíteanas sin ina bhfuil gné neamhreatha a bhfuil ceart conartha aici le haisghabháil nó le socrú níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Léiríonn méideanna reatha na méideanna sin a bhfuiltear ag súil le haisghabháil nó le socrú laistigh de 12 mhí le haghaidh gach sócmhainne agus dliteanais.

2019	Reatha €000	Neamhreatha €000	Iomlán €000
Sócmhainní Airgeadais			
Iasachtaí agus infháltais	148,977	406,450	555,427
Dlíteanais airgeadais			
Maoiniú agus iasachtaí	54,167	454,167	508,334
2018	Reatha €000	Neamhreatha €000	Iomlán €000
Sócmhainní Airgeadais			
Iasachtaí agus infháltais	117,904	509,350	627,254
Dlíteanais airgeadais			
Maoiniú agus iasachtaí	76,667	508,333	585,000

Tugtar tuilleadh sonraí i Nóta 14.2 maidir le hamscála tuartha shocrú an mhaoinithe agus na n-iasachtaí sin atá dlite lena aisíoc níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

21. Luach saothair iniúchóra

	2019 €000	2018 €000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais	34	32

Ní thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (mar iniúcháir seachtrach) aon ráthaíocht, comhairle chánach ná aon seirbhísí neamhiniúchta eile do CBSÉ.

22. Gnáthscair

Is ionann scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta agus €250,000,000 arna roinnt ina 250,000,000 scair de luach €1.00 an ceann. De réir alt 11 d'Acht CBSÉ 2014, féadfar scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta a mhéadú chuig méid eile, suas le huasmhéid €1,000,000,000 de réir mar a chinneadh an tAire Airgeadais é de réir ordú ó am go ham.

Amhail an 31 Nollaig 2019, shuibscríobh an tAire Airgeadais le haghaidh 35,000,000 (2018:35,000,000) de scaireanna údaraithe na Cuideachta, agus eisíodh dó iad.

23. Dlíteanas theagmhasacha

Faoi théarmaí na Scéime Talmhaíochta tá ráthaíochtaí páirteacha caidhpeáilte eisithe ag an gComhlacht chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanas chreidmheasa a chlúdach cás ar chás, faoi réir chaidhph phunainne foriomlán de 15%, agus punann uasta de €150m. Mar thoradh, ag deireadh na bliana airgeadais, tá dlíteanas teagmhasach ag an gComhlacht de €17.0m (2018: €17.3m) a bhaineann, a bhaineann le caillteanas chreidmheasa ráthaíochta airgeadais clúdaithe faoin Scéim Talmhaíochta.

De réir théarmaí na Scéime Iasachta Brexit, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha leis na hiasachtóirí ar aghaidh chun 80% de na caillteanas chreidmheasa a chumhdach ar bhonn cás ar chás, faoi réir uasphunainne de €300m. Mar thoradh air sin, bhí dlíteanas teagmhasach de €27.8m ag an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais (2018: €9.6m) a bhain le caillteanas chreidmheasa i leith ráthaíocht airgeadais arna gcumhdach faoin Scéim Iasachta Brexit.

Faoi théarmaí na Scéime Iasachta um Fhás sa Todhchaí, tá páirt-ráthaíochta eisithe ag an Chuideachta do na hiasachtóirí ar aghaidh le 80% de chaillteanas a chumhdach ar bhonn iasachta ar iasachta, ag brath ar uasphunann de €300m. Mar thoradh, ag críoch na bliana airgeadais, tá dlíteanas teagmhasach de €69.8m (2018: €Nialas) a bhaineann le caillteanas chreidmheasa ráthaíochta airgeadais cumhdaithe faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

24. Sócmhainní teagmhasacha

Rinne CBSÉ comhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Eorpach Infheistíochta chun ráthaíochtaí CBSÉ a fhritháireamh i bpáirt faoin Scéim Talmhaíochta. Is ionann luach na frithráthaíochta agus €8.5m agus tá téarmaí agus coinníollacha na frithráthaíochta sin i gcomhréir le ráthaíochtaí CBSÉ do na hiasachtóirí ar aghaidh. Mar sin, tá sócmhainn theagmhasach de suas le €8.5m ag CBSÉ (2018: €8.65m) a bhaineann leis an Scéim Talmhaíochta ag deireadh na bliana 2019.

Rinne CBSÉ comhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Eorpach Infheistíochta chomh maith chun ráthaíochtaí CBSÉ a fhritháireamh i bpáirt faoin Scéim Iasachta Brexit. Is ionann luach na frithráthaíochta agus €13.9m agus tá téarmaí agus coinníollacha na frithráthaíochta sin i gcomhréir le ráthaíocht CBSÉ do na hiasachtóirí ar aghaidh. Mar sin, tá sócmhainn theagmhasach de suas le €13.9m ag CBSÉ (2018: €4.8m) a bhaineann leis an Scéim Iasachta Brexit ag deireadh na bliana 2019.

Rinne CBDÉ aontú frithráthaíochta le Ciste Eorpach Infheistíochta le ráthaíochtaí an CBSÉ faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí a fhritháireamh. Is €55.9m luach na frithráthaíochtaí agus tagann téarmaí agus coinníollacha na frithráthaíochta le ráthaíocht CBSÉ do hiasachtóirí ar aghaidh. Sa mhéid sin, the sócmhainn teagmhasach de suas go €55.9m (2018: €Niallas) a bhaineann leis an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí ag críoch 2019.

25. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

25.1. Páirtithe gaolmhara

An tAire Airgeadais

Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe CBSÉ. Féadfar scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta a mhéadú óna méid faoi láthair de €250,000,000 chuig méid eile, suas le huasmhéid €1,000,000,000, de réir mar a chinneadh an tAire Airgeadais é de réir ordú ó am go ham de bhun alt 11(i) d'Acht CBSÉ 2014.

GBCN

Tugann GBCN seirbhísí foirne agus tacaíochta gnó do CBSÉ. Gearrtar na táillí a thabhaíonn GBCN ar CBSÉ, de réir théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéil Seirbhíse idir CBSÉ agus GBCN. Ina theannta sin, soláthraíonn GBCN maoiniú do CBSÉ.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

25. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

25.1. Páirtithe gaolmhara (ar lean)

Aonáin eile faoi rialail an Rialtais

Is páirtithe gaolmhara de CBSÉ iad an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("CISÉ"), Banc Ceannais na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann PLC mar go bhfuil gach ceann faoi rialail an Aire Airgeadais.

Airí agus Ranna Rialtais

Is páirtithe gaolmhara de CBSÉ iad an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus a gcuid Airí faoi seach, mar go bhfuil an dá Roinn sin faoi rialail Stát na hÉireann agus is é an Stát úinéir na Cuideachta sa deireadh thiar.

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar príomhphearsanra bainistíochta sa CBSÉ i Nótaí.

25.2. Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara

Áis Iasachta an Aire Airgeadais agus CISÉ

I mí Feabhra 2017 ar iarratas an Bhoird, d'eisigh an Chuideachta 25 milliún gnáthscair €1 an ceann chuig an Aire. Díoladh ar na scaireanna tríd comhshóiteacht iasacht Ciste Infheistíochta Staitéisí d'Éirinn go cothromais. Tá iarmhéid nialas (2018: €Nialas) ar áis iasachta CISÉ san am i láthair, agus tá €215m maoiniú tiomanta ar fáil faoin áis.

Athmhuipear GBCN

Tabhaíonn GBCN costais as reáchtáil CBSÉ, costais a athghearrann siad ar an gCuideachta. B'ionann iomlán na gcostas sin don bhliain airgeadais agus €5.8m (2018: €5.3m). Nochtar i Nóta 8 tuilleadh sonraí ar na costais sin. Tá €0.9m (2018: €1.2m) iníoctha le GBCN ag deireadh na bliana airgeadais.

Bogearraí arna bhforbairt ag GBCN

Cheannaigh CBSÉ bogearraí arna bhforbairt go hinmheánach ag GBCN ar chostas €0.1m (2018: €0.6m) i rith na tréimhse airgeadais. Baineann €Nialas (2018: €40k) den €0.9m iníoctha le GBCN ag deireadh na bliana airgeadais le ceannach bogearraí.

Ionstram Fiachais CBSÉ

Bhí luach €25m de nótaí iasachta a d'eisigh an Chuideachta i 2016 do GBCN gan íoc ag deireadh na bliana airgeadais (2018: €85m) agus áirítear seo sna figiúirí maoinithe agus iasachtaithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Fuair an Comhlacht ús dhiúltach de €369k (2018: €396k) ón GBCN i dtaca le eisiúnt nótaí iasachta.

Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí

Fuair an Cuideachta iarmhéid €1.5m (2018: €9m) ón Aire Talmhaíochta agus an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht le húsáid i Scéim Iasachta Brexit agus Scéimeanna Iasachta um Fhás sa Todhchaí. Tá níos mó sonraí faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí agus an maoiniú faighte le linn an bhliain airgeadais i Nóta 18.

25. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

25.2. Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara (ar lean)

Scéimeanna Ráthaíocht Creidmheasa

I rith na bliana airgeadais d'aithin an Chuideachta luach €0.29m (2018: €0.49m) d'ioncam mar aisghabháil ar a costais riaracháin as a ról i riar na Scéimeanna a cruthaíodh faoi na hAchtanna um Ráthaíocht Creidmheasa 2012 agus 2016 thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Bhí €0.13 (2018: €0.18m) an ioncaim sin infhaighte ag an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais. Feic Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Nóta 7 chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le ról CBSÉ sna scéimeanna sin.

Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €17.0milliún (2018: €16.9m) ag an gCuideachta i mBanc Ceannais na hÉireann. Bhí €169k (2018: €41k) d'ús iníoctha ag an gCuideachta le Banc Ceannais na hÉireann.

Bainc-Aontas Éireann, cpt

Tá iasachtaí de €215m (2018: €295m) do Bhainc-Aontas Éireann, cpt eisithe ag an Cuideachta i rith na tréimhse airgeadais chun críche iasachtaí ar aghaidh do GBManna Éireannacha. Bhí na hiasachtaí sin fós dlite ag deireadh na bliana airgeadais agus áirítear iad i bhfigiúr na n-iasachtaí agus infháltas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar idirbhearta le príomhphearsanra bainistíochta i Nótaí 8.

26. Ceangaltas

I Feabhra 2019, d'aontaigh CBSÉ léas do chóiríocht oifige ag 1 Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, go dtí Bealtaine 2033. Tabhaíodh muirir cíosa de €178k sa tréimhse. Tá na bunchíosanna todchaí animniúla iníoctha faoin léas oibríochtúil nach féidir cur ar ceal mar a leanas:

	2019 €000
Lastigh do bhliain amháin	292
I dhá go cúig bliana	1,168
Thar cúig bliana	2,190
	3,650

27. Nochtadh leasa

Is comhlacht forordaithe poiblí í CBSÉ chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá ceanglais maidir le nochtadh leasa freisin ar Stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Bhunreacht na Cuideachta agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag CBSÉ chun cuidiú le Stiúrthóirí agus le comhaltaí foirne a n-oibleagáidí maidir le nochtadh leasa a chomhlíonadh i rith na tréimhse arna hathbheithniú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

28. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Tá tionchar ag an Coróinvíreas (COVID-19), a d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur "Pandéim Domhanda" é briseadh amach ar 11 Márta 2020 ar mhargaidh airgeadais domhanda agus thiocfaidh go mbeadh drochthionchar aige ar ghnó agus ar chaiteachas tomhaltóirí in Éirinn. Ar 19 Márta 2020, cheadaigh an Bord leasú ar Scéim lasachta Brexit so dóigh is go bhféadfadh sé íasachtaí caipitil oibre a chur ar fáil do FBManna a théann COVID-19 i bhfeidhm orthu. Cuireadh acmhainn atá fágtha ón scéim (thart ar €250 ón €300m iomlán) ar fáil le tacú le FBManna incháilithe a bhfuil drochthionchar ag an ngéarchéim orthu.

29. Ceadú na ráiteas airgeadais

D'fhormheas na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an [15 Aibreán 2020].

